Oifig an Choimisinéara Faisnéise

Treoir maidir le Rialacha, Nósanna Imeachta, Cleachtais, Treoirlínte agus Léirithe a úsáideann an Oifig

Foilsithe de réir Alt 16 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 arna leasú ag an Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003. Déanann Alt 16 foráil do Threoir maidir le Rialacha, Nósanna Imeachta, Cleachtais, Treoirlínte agus Léirithe a úsáideann Oifig an Choimisinéara Faisnéise a fhoilsiú chun críocha Breitheanna, Cinntí nó Moltaí faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003.

Arna fhoilsiú : Meitheamh 2005

CLÁR NA nÁBHAR

Leathanach

Brollach **3**

Iarratais ar athbhreithniú a dhéanamh chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise **5**
Dáta na n-iarratas a thaifeadadh 6

Táillí iarratais chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise **6**
Iarratais ar Ríomhphost nó ar Facs **9**

Iarratais ar athbhreithniú a chlárú **9**
Admháil ar iarratais agus teagmháil le comhlachtaí poiblí 9
Scagadh na n-iarratas 10
Iarratais ar athbhreithniú ar bhreitheanna ar iarrataí a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir leo 11
Iarratas neamhbhailí ar athbhreithniú 11
Rogha chun iarratais neamhbhailí a cheadú 12
Iarratais dheireanacha ar athbhreithniú a cheadú 12
Iarratais dheireanacha faoi ‘alt 29’ 13
Ilathbhreithnithe 14
Iarratais áit a bhfuil/a raibh an ní ina ábhar d’athbhreithniú eile 15
Fógra glactha le hiarratas 15

Measúnú ar iarratais ar athbhreithniú **16**
Cuspóir an mheasúnaithe thosaigh 16
Fógra faoi Alt 35 17
Fógra do dhaoine eile a ndéanann an t-iarratas difear dóibh 18
Foirm an fhógra do pháirtithe a ndéanann an t-iarratas difear dóibh 19
Cásanna ar cosúil iad a bheith inréitithe gan bhreith cheangailteach 20
Socraíochtaí 21
Cásanna eile 22
A thuilleadh fiosruithe 23

Conclúid an athbhreithnithe **24**
Críoch a chur le Cásanna **24**
Socruithe chun déileáil le hiarratais ar athbhreithniú **25**

Aguisín 1 : Scagadh na n-iarratas 26
Aguisín 2 : ‘Leordhóthanacht an chuardaigh’ - treoirlínte 31
Aguisín 3 : Iarrataí a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir leo – treoirlínte 35
Aguisín 4 : Foirm iarratais d’achomharc chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise 43
Aguisín 5 : Socruithe idirchaidrimh le comhlachtaí poiblí 44
Aguisín 6 : Gluais téarmaí 51

BROLLACH

Faoi Alt 16 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 arna leasú ag an Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003, ("na hAchtanna um SF"), éilítear go bhfoilseoidh comhlachtaí poiblí na nithe seo a leanas:

"…na rialacha, na nósanna imeachta, na cleachtais, na treoirlínte agus na léirithe a úsáideann an comhlacht, agus innéacs d'aon fhasaigh a choimeádann an comhlacht, chun críocha breitheanna, cinntí nó moltaí faoi réim nó chun críocha aon achtacháin nó scéime a riarann an comhlacht maidir le cearta, pribhléidí, sochair, oibleagáidí, pionóis nó smachtbhannaí eile a bhfuil nó a bhféadfadh sé go mbeidh daoine den phobal ina dteideal nó faoina réir…"

Forálann Alt 16 freisin go ndéanfar foilseachán den sórt sin a nuashonrú gach trí bliana nó i ndiaidh athruithe suntasacha ar bith ar na rialacha nó nósanna imeachta iomchuí agus gur féidir foilseachán den sórt sin a sheachadadh go leictreonach. De réir na gceanglas in alt 16, tá na sonraí a bhaineann leis na nósanna imeachta um athbhreithniú agus na socruithe idirchaidrimh cothrom le dáta á gcur ar fáil faoi láthair ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara – www.oic.ie. Is féidir cóipeanna den fhoilseachán seo a fháil freisin ón Oifig seo ach iad a iarraidh.

Seolann an Coimisinéir Faisnéise athbhreithnithe, faoi alt 34 de na hAchtanna um SF, ar bhreitheanna a thugann comhlachtaí poiblí faoi na hAchtanna um SF. Is beag rialach, nós imeachta agus araile a rialaíonn an chaoi a sheolann an Coimisinéir agus a foireann athbhreithnithe den sórt sin. Forálann na hAchtanna um SF, gurb é an nós imeachta a bhaineann le hathbhreithniú a sheoladh cibé nós imeachta is cuí leis an gCoimisinéir in imthosca uile an cháis. Forálann siad freisin go mbeadh na nósanna imeachta chomh neamhfhoirmiúil agus is féidir ach é a bheith i gcomhréir le comhlíonadh cuí fheidhmeanna an Choimisinéara.

Tá sraith nósanna imeachta forbartha ag an Oifig chun athbhreithnithe a meastar a bheith cuí i bhformhór na gcásanna a sheoladh. Tá sraith socruithe idirchaidrimh ag an Oifig freisin le comhlachtaí poiblí a thagann faoi choimirce na nAchtanna um SF. Tá siad sin le fáil san fhoilseachán alt 16 seo.

Ina theannta sin, tagraíonn Alt 16 de na hAchtanna um SF d'fhoilseachán comhlachta poiblí ar innéacs d'aon fhasaigh a choimeádann an comhlacht. Cuireann an Coimisinéir an chuid is suntasaí dá breitheanna ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige. Cé nach fasaigh iad na breitheanna seo mar nach gcuireann siad an Coimisinéir faoi cheanglas maidir le breitheanna a thabhairt amach anseo, leanfaidh an Coimisinéir, den chuid is mó, an réasúnaíocht ó bhreitheanna a tugadh cheana. Ina theannta sin, tagraíonn an Coimisinéir dóibh, nuair is cuí, agus í ag teacht ar bhreitheanna i gcásanna a thagann ina ndiaidh agus cuirtear ar fáil iad freisin d'fhonn treoir a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí agus d'úsáideoirí na nAchtanna um SF maidir le cur chuige an Choimisinéara i leith léiriú na nAchtanna in imthosca ar leith.

Is mise, le meas,



Patrick Whelan
Ard-Stiúrthóir

NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE hATHBHREITHNITHE A SHEOLADH FAOI ALT 34 DE NA hACHTANNA UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 1997 AGUS 2003

Faoi alt 34 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 arna leasú ag an Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003, ("na hAchtanna um SF"), forbraíodh na nósanna imeachta seo d'fhonn treoir a chur ar an bhfoireann maidir le seoladh athbhreithnithe ag an gCoimisinéir Faisnéise. Foilsítear na nósanna imeachta seo ar mhaithe le leas an phobail agus iad siúd ar fad atá bainteach in úsáid na nAchtanna um SF. Tá na nósanna imeachta dírithe ar chomhsheasmhacht agus cothromas a chinntiú inár gcur chuige maidir le déileáil le hathbhreithnithe. Is i bhfianaise an Imscrúdaitheora Shinsearaigh san Oifig amháin agus, más gá, an Ard-Stiúrthóra, a dhéanfar neamhchloí suntasach ar bith ón gcleachtas a bhfuil cur síos déanta air anseo. I ngach cúinse, déanfaidh an Oifig iarracht a chinntiú go bhfuil an cur chuige atá in úsáid ag an Oifig cothrom, agus go meastar é a bheith cothrom, de réir na bpáirtithe uile lena mbaineann.

1.0 Iarratais ar athbhreithniú a dhéanamh chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise

1.1 Más mian leat go ndéanfadh an Coimisinéir Faisnéise athbhreithniú ar bhreith atá déanta ag comhlacht poiblí faoi na hAchtanna um SF ní mór duit an t-iarratas a dhéanamh i scríbhinn agus é a sheoladh chuig:

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
18 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.
Facs : 01 639 5676
Ríomhphost : info@oic.ie
Teil : 01 639 5689 nó Lóghlao 1890 22 30 30

Ba chóir na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iarratas :

- d'ainm, do sheoladh, d'uimhir theileafóin agus sonraí teagmhála ar bith eile,
- an táille chuí don iarratas chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise (féach 2.0 thíos),
- faisnéis tacaíochta ar bith má chreideann tú nach bhfuil táille ar bith le híoc, nó má chreideann tú gur táille laghdaithe atá le híoc (féach 2.1 thíos).
- ainm an chomhlachta phoiblí lena ndearnadh an iarraidh um SF,
- uimhir thagartha bhreith an chomhlachta phoiblí (má tá ceann ar fáil) agus
- gné ar bith de bhreith an chomhlachta phoiblí nach bhfuil tú sásta léi.

Ba chóir iarratais a dhéanamh **tráth nach déanaí ná 6 mhí** i ndiaidh duit fógra maidir leis an mbreith a fháil. Ba chóir an t-iarratas a dhéanamh, áfach, **tráth nach déanaí ná coicís** i ndiaidh duit fógra maidir leis an mbreith a fháil, (i) más

breith í an bhreith ar iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi (féach Aguisín 3) nó (ii) má thugtar an bhreith an teorainn ama a fhadú chun an iarraidh a mheas faoi alt 9 (féach alt 4.16 i gcomhair a thuilleadh faisnéise).

Tabhair faoi deara le do thoil nach meastar iarratas chuig an gCoimisinéir Faisnéise a bheith déanta go dtí go mbíonn sé faighte san Oifig.

1.2 De rogha air sin, is féidir gnáthfhoirm iarratais a fháil ón Oifig ach í a iarraidh nó trí theacht chun na hOifige go pearsanta (féach Aguisín 4). Féachfaidh an Coimisinéir le gach athbhreithniú a thabhairt chun críche laistigh den treoirlíne de cheithre mhí dá bhforáiltear sna hAchtanna um SF.

1.3 Is féidir leis an duine aonair lena mbaineann nó le duine eile ar son an duine aonair an t-iarratas a dhéanamh (e.g. aturnae nó gaol). Sa dara cás, is féidir go n-iarrfaí údarú scríofa chun gníomhú ar son an iarratasóra. Cuirfear an té atá ag déanamh an iarratais ar an eolas nach gcríochnófar an t-athbhreithniú go dtí go bhfaightear údarú den sórt sin.

Tabhair faoi deara : Measfar iarratais a dhéantar ar son duine seachas duine aonair e.g. iarratais déanta ar son comhlachta cosúil le nuachtán, cuideachta phríobháideach, agus araile, mar iarratais atá á ndéanamh ag an gcomhlacht nó ag an eagraíocht sin. Má tharlaíonn sé, mar shampla, ag deireadh athbhreithniú an Choimisinéara, mura bhfuil an duine aonair a rinne an t-iarratas ar son an chomhlachta ag gníomhú a thuilleadh ar son an chomhlachta sin, cuirfear an comhfhreagras ar fad ar aghaidh chuig duine aonair iomchuí sa chomhlacht nó san eagraíocht sin.

1.4 Dáta na n-iarratas a thaifeadadh

Cuirfear stampa den dáta ar gach postas a fhaightear san Oifig a luaithe agus a fhaightear é chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainneacha ama a leagtar amach sna hAchtanna.

1.5 Áit a bhfaigheann an Oifig iarratas ar athbhreithniú i scríbhinn lasmuigh d'uaireanta oifige, .i. lasmuigh de na huaireanta idir 9.15 r.n. agus 5.30 i.n. ó Luan go Déardaoin agus idir 9.15 r.n. agus 5.15 i.n. ar an Aoine, measfar é a bheith faighte ar an gcéad lá eile ar a mbeidh an Oifig oscailte.

2.0 <u>Táillí iarratais chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise</u>

2.1 I gcásanna ar leith ní mór táille, €150 de ghnáth, a íoc nuair atá iarratas ar athbhreithniú á dhéanamh chuig an gCoimisinéir Faisnéise. <u>Nuair atá táille le híoc agus nach n-íoctar é, tá de dhualgas ar an gCoimisinéir diúltú glacadh leis an iarratas agus meastar nach bhfuil an t-iarratas déanta.</u> Tá a thuilleadh faisnéise maidir le táillí iníoctha ar fáil thíos:

Catagóir A – Iarratais ar athbhreithniú áit nach bhfuil TÁILLE AR BITH iníoctha:

- Níl sna taifid atáthar ag lorg ach faisnéis phearsanta a bhaineann leis an iarrthóir (lena n-áirítear iarratais déanta ag duine aonair a bhfuil feidhm ag rialúcháin déanta faoi Alt 28(6) maidir leis/léi, e.g. tuismitheoirí duine faoi aois nó neasghaol duine atá marbh)

- Baineann an t-athbhreithniú le breith a thug comhlacht poiblí i ndiaidh iarratais ar leasú ar fhaisnéis phearsanta i dtaifead (iarratas faoi alt 17) nó do ráiteas maidir leis na cúiseanna a bhaineann le gníomh a rinne comhlacht poiblí (iarratas faoi alt 18)

- Baineann an t-athbhreithniú le breith a thug comhlacht poiblí chun táille nó éarlais a ghearradh

- Baineann an t-iarratas le breith a thug comhlacht poiblí chun rochtain a ghéilleadh ar thaifid nach bhfuil iontu ach faisnéis phearsanta a bhaineann le tríú páirtí agus gurb é/í an tríú páirtí atá ag déanamh an iarratais

- Baineann an t-iarratas le breith a thug comhlacht poiblí diúltú glacadh le hiarratas deireanach ar "athbhreithniú inmheánach"

- áit ar theip ar chomhlacht poiblí freagra a thabhairt ar iarratas ar 'athbhreithniú inmheánach' laistigh den teorainn riachtanach ama. (Is de réir comhairle a d'eisigh Oifig an Ard-Aighne chuig an Roinn Airgeadais é seo)

Catagóir B – Iarratais ar athbhreithniú áit a bhfuil TÁILLE LAGHDAITHE €50 iníoctha:

- Is sealbhóir cárta liachta é an t-iarratasóir nó tá an t-iarratasóir ina chleithiúnaí ag sealbhóir cárta liachta agus níl an iarraidh á déanamh ar son duine eile atá ag iarraidh íocaíocht iomlán na táille a sheachaint

- Baineann an t-iarratas le breith a thug comhlacht poiblí chun géilleadh do rochtain ar thaifid a bhaineann le tríú páirtí (seachas taifid nach bhfuil iontu ach faisnéis phearsanta a bhaineann leis an tríú páirtí) agus gurb é/í an tríú páirtí atá ag déanamh an iarratais

Catagóir C – Iarratas ar athbhreithniú áit a bhfuil an TÁILLE IOMLÁN €150 iníoctha:

- Gach iarratas eile

2.2 Ba chóir an táille chuí a íoc leis an Oifig nuair atá an t-iarratas ar athbhreithniú á dhéanamh.

2.3 Nuair a ghlacann an comhlacht poiblí atá ag déileáil leis an mbuniarraidh um SF nach bhfuil táille ar bith le híoc nó nuair atá cárta liachta ag an iarrthóir / iarratasóir (nó ina chleithiúnaí ag sealbhóir cárta liachta), ba chóir fianaise ina leith seo a chur ar fáil don Oifig. Seachas sin, más é tuairim na n-iarratasóirí ar athbhreithniú nach bhfuil táille iníoctha nó go bhfuil táille laghdaithe iníoctha, ba chóir an fhaisnéis chuí tacaíochta a chur ar fáil don Oifig leis an táille iomchuí (más ann di) nuair atá an t-iarratas ar athbhreithniú á dhéanamh. Cuirfidh sé seo ar chumas na hOifige seo cinneadh a dhéanamh faoin táille iníoctha. Mar shampla, má mheastar go mbaineann an t-iarratas le Catagóir A, ba chóir cóip den iarraidh / den bhreith iomchuí a chur ar fáil; má mheastar go mbaineann an t-iarratas le Catagóir B, ba chóir cóip den chárta liachta a chur ar fáil.

2.4 Meastar nach bhfuil iarratas déanta chuig an Oifig seo mura bhfuil an táille cheart íoctha. Cuirfear an duine atá ag déanamh an iarratais ar an eolas agus ní dhéanfaidh an Oifig aon ghníomh eile fad is atá cinneadh á dhéanamh faoin táille iníoctha.

2.5 Íocaíocht táillí

Is féidir táillí a íoc trí úsáid a bhaint as ceann ar bith de na modhanna seo a leanas:

Seic / Dréacht Bainc / Ordú Poist: crosáilte agus iníoctha le hOifig an Choimisinéara Faisnéise.

Airgead Tirim: Is féidir táillí a íoc in airgead tirim go pearsanta le hOifig an Choimisinéara Faisnéise, 18 Sráid Chill Mochargán Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, idir 9.15 r.n. agus 5.30 i.n. ó Luan go Déardaoin agus idir 9.15 r.n. go 5.15 i.n. ar an Aoine.

TABHAIR FAOI DEARA : Níor chóir airgead tirim a chur sa phost.

2.6 Forálann rialúcháin a dhéantar faoi na hAchtanna um SF go n-aisíocfar táille iarratais, má tharraingíonn an t-iarratasóir siar an t-iarratas ag am ar bith roimh dheireadh an athbhreithnithe.

3.0 Iarratais ar Ríomhphost nó ar Facs

Áit a bhfuil táille iníoctha ní mholann an Oifig iarratais ar athbhreithniú a dhéanamh ar facs ná ar ríomhphost. Mar a luadh níos luaithe, meastar nach mbíonn iarratas ar athbhreithniú déanta go dtí go n-íoctar an táille cheart ina hiomlán. Ní ghlacann an Oifig le híocaíocht go leictreonach faoi láthair.

Áit nach bhfuil táille ar bith iníoctha, is féidir iarratais ar athbhreithniú a dhéanamh ar FACS nó ar RÍOMHPHOST faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

3.1 Ba cheart do GACH iarratas soiléiriú a dhéanamh ar an gcúis nach bhfuil táille ar bith iníoctha (féach ar an bhfaisnéis a bhaineann le táillí iníoctha thuas).

3.2 Áit a bhfaigheann an Oifig iarratas ar athbhreithniú ar FACS lasmuigh d'uaireanta oifige, measfar é a bheith faighte ar an gcéad lá eile ar a mbeidh an Oifig oscailte. Mar shampla, má thagann iarratas ar athbhreithniú chuig meaisín facs na hOifige tráthnóna Dé hAoine ag 7.30 i.n., glacfar leis go bhfuarthas é maidin an Luain dár gcionn (seachas nuair is Lá Saoire Bainc é an Luan agus ansin glacfar leis gur ar maidin Dé Máirt a fuarthas é).

3.3 Níl ach iarratais ar athbhreithniú a dhéantar ar RÍOMHPHOST bailí más i bhformáid téacs simplí atá siad agus iad seolta chuig info@oic.ie – níl iarratais a chuirtear chuig seoltaí ríomhphoist baill aonaracha foirne bailí.

3.4 Ba chóir "Iarratas ar Athbhreithniú" a bheith mar theideal ar iarratais ar athbhreithniú a dhéantar ar ríomhphost agus ba cheart dóibh an comhlacht poiblí atá i gceist a chur in aithne.

3.5 Ní mheastar iarratais RÍOMHPHOIST a bheith faighte ag an Oifig seo go dtí go n-osclaítear an ríomhphost san Oifig agus nuair a fhaigheann an té a sheol é dearbhú go bhfuil sé seo déanta. Go dtí go ndearbhaíonn an Oifig gur osclaíodh an ríomhphost, ní mheastar go bhfuair an Oifig an ríomhphost. (Osclaítear ríomhphoist a fhaightear san Oifig go laethúil).

3.6 Áit a bhfaigheann an Oifig iarratas ar athbhreithniú ar RÍOMHPHOST lasmuigh d'uaireanta oifige, osclófar é ar an gcéad lá oibre eile agus cuirfear dearbhú chuig an té a sheol é ar an lá sin. Ní mheasfar an t-iarratas a bheith faighte go dtí go ndearbhaítear é seo leis an té a sheol é.

3.7 Tabhair faoi deara le do thoil má fhaigheann an té a sheol an t-iarratas RÍOMHPHOIST fógra via an "admháil fillte" nó "tuairisc sheachadta", nach dearbhú ar bith é seo go bhfuil an t-iarratas ríomhphoist faighte san Oifig seo.

3.8 Ní féidir leis an Oifig seo rúndacht a dhearbhú do chumarsáid ar bith a sheoltar ar RÍOMHPHOST.

4.0 Iarratais ar athbhreithniú a chlárú

Seo a leanas treoir d'fhoireann na hOifige agus iad ag déileáil le hiarratais ar athbhreithniú chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise.

4.1 Admháil ar iarratais agus teagmháil le comhlachtaí poiblí

Ba chóir admháil a thabhairt ar an iarratas láithreach agus ba chóir an t-iarratasóir a chur ar an eolas go bhfaighidh sé/sí fógra maidir leis, a luaithe agus a chinneann an Coimisinéir glacadh leis an iarratas ar athbhreithniú nó gan glacadh leis. Ba chóir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Idirchaidrimh um SF an chomhlachta phoiblí ar an teileafón, ríomhphost nó facs. I gcás iarratas ar athbhreithniú, seachas cásanna a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir leo, ba chóir a iarraidh ar an Oifigeach Idirchaidrimh cóipeanna de na nithe seo a leanas a chur ar aghaidh ar facs nó sa phost :

- an bhuniarraidh um SF,

- breith thosaigh an chomhlachta phoiblí,
- an iarraidh ar athbhreithniú inmheánach, agus
- breith an chomhlachta phoiblí ar athbhreithniú inmheánach.

4.2 Má léiríonn an tOifigeach Idirchaidrimh nár cuireadh an iarraidh trí phróiseas an athbhreithnithe inmheánaigh, ba chóir a iarraidh ansin ar an gcomhlacht poiblí é seo a dhearbhú i scríbhinn agus cóip den bhuniarraidh agus de bhreith thosaigh an chomhlachta phoiblí a chur ar aghaidh.

4.3 Más léir go bhfuil feidhm ag alt 29 (féach mír 4.9) maidir leis an iarraidh as a dtáinig an t-iarratas ar athbhreithniú, ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Idirchaidrimh agus cóipeanna de na nithe seo a leanas a iarraidh air/uirthi:

- an bhuniarraidh um SF
- na litreacha fógra do thríú páirtí ar bith
- na freagraí ar na litreacha fógra
- an litir/na litreacha faoin mbreith a eisíodh chuig tríú páirtí ar bith
- an litir faoin mbreith a eisíodh ar an iarrthóir.

4.4 Má thagann an t-iarratas ar athbhreithniú ó dhuine a bhfuil feidhm ag alt 29(2) maidir leis/léi agus atá i gcoinne géilleadh molta ar rochtain ón gcomhlacht poiblí don iarrthóir, ba chóir aird an Oifigigh Idirchaidrimh um SF a dhíriú láithreach ar fhorálacha ailt 44 den Acht. Éilíonn sé seo nach dtabharfaidh an comhlacht poiblí éifeacht dá bhreith le taifid a chur ar fáil go dtí go gcinntear nó go dtarraingítear siar an t-iarratas ar athbhreithniú. Ba chóir dul i dteagmháil leis an Oifigeach Idirchaidrimh ar an teileafón agus ba chóir dearbhú a eisiúint ar facs nó ar ríomhphost. *(Áit nach bhfaightear táille don iarratas faoi alt 29, ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Idirchaidrimh freisin).*

4.5 Ba chóir comhad ar leith a oscailt do gach iarratas ar athbhreithniú.

4.6 Scagadh na n-iarratas

Is é cuspóir an scagtha a chinntiú go bhfuil iarratais bailí agus nach bhfuil aon chúis ann gur cheart don Choimisinéir a rogha féin a fheidhmiú faoi alt 34(9) diúltú glacadh leis an iarratas. Ceadaíonn alt 34(9) don Choimisinéir diúltú d'iarratas má tá sí den tuairim go bhfuil na nithe seo a leanas i gceist :

- go bhfuil an t-iarratas suaibhreosach nó cráiteach,
- nach mbaineann an t-iarratas le breith a bhfuil de chumhacht aige/aici a athbhreithniú faoi alt 34, nó
- go bhfuil, go raibh nó go mbeidh an t-ábhar lena mbaineann an t-iarratas ina ní d'athbhreithniú eile faoin alt seo.

4.7 Ba chóir scagadh a dhéanamh agus úsáid a bhaint as na seicliostaí in Aguisín 1.

4.8 I ndiaidh an scagtha, ba chóir an comhad a atreorú chuig ceann an aonaid tacaíochta má bhíonn na nithe seo a leanas i gceist:

- is cosúil go bhfuil an t-iarratas neamhbhailí, nó
- tá nó bhí athbhreithnithe eile ag an iarratasóir (i gcás go bhfuil an t-iarratas bainteach), nó
- is cosúil go mbaineann an t-iarratas le hábhar atá nó a bhí ina ní d'athbhreithniú eile a rinne an Coimisinéir, nó
- is iarraidh í a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi agus tugadh breith maidir leis an iarraidh ag athbhreithniú inmheánach.

4.9 Iarratais ar athbhreithniú ar bhreitheanna ar iarrataí a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir leo

Is ceanglas fógra reachtúil é alt 29 a éilíonn comhlíonadh ó chomhlachtaí poiblí maidir leis na díolúintí atá in alt 26 (faisnéis a fhaightear faoi rún), alt 27 (faisnéis íogair ó thaobh na tráchtála de) agus alt 28 (faisnéis phearsanta faoi thríú páirtí). I gcás gach ceann de na díolúintí sin, is féidir leis an gcomhlacht poiblí géilleadh d'iarraidh má mheastar gur fearr a dhéanfar leas an phobail trí ghéilleadh don iarraidh ná trí dhiúltú géilleadh don iarraidh. Ach de réir an Achta, tá moladh ar bith chun ní, a bheadh díolmhaithe in aon chás eile, a nochtadh faoi réir na bhforálacha in alt 29. Éilíonn an t-alt sin go dtabharfadh an comhlacht poiblí fógra d'aon tríú páirtí go bhfuil sé ar intinn géilleadh don iarraidh ar mhaithe le leas an phobail agus go ndéanfaidh an comhlacht poiblí aighneacht ar bith ó aon tríú páirtí a mheas sula gcinnfear géilleadh nó diúltú géilleadh don iarraidh. Tá miontreoracha ar fáil in Aguisín 3 maidir le cinneadh ar bhreith ar breith í a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi.

4.10 Iarratas neamhbhailí ar athbhreithniú

I roinnt cásanna, feicfear go ndéanfaidh iarratasóirí iarratas ar an gCoimisinéir ar athbhreithniú ar dhiúltú géilleadh do rochtain ar thaifid nár cuardaíodh sa bhuniarraidh. Is é an rud is minice a tharlaíonn go n-aithníonn iarrthóir, de thoradh iarrata, go bhfuil tuilleadh taifead ann nár iarradh ar dtús agus iarrann sé/sí rochtain ar na taifid seo agus é/í ag déanamh iarratais ar athbhreithniú inmheánach.

4.11 Mura raibh aon cheann de na taifid atá mar ábhar den iarratas chuig an gCoimisinéir san áireamh sa bhuniarraidh, tá an t-athbhreithniú neamhbhailí go teicniúil agus ba chóir an comhlacht poiblí agus an t-iarrthóir araon a chur ar an eolas dá réir sin. Ní mór réamhchead a fháil ó Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin, nó grád níos airde, sula ndiúltaítear don iarratas.

4.12 Áit a raibh roinnt de na taifid san áireamh sa bhuniarraidh (chomh fada agus a chomhlíontar gach ceanglas eile de na hAchtanna), ba chóir glacadh leis an iarratas ar athbhreithniú. Ba chóir, áfach, an t-iarrthóir a chur ar an eolas i scríbhinn ar scóip an athbhreithnithe agus gur féidir go ndéanfar iarratas nua ar an gcomhlacht poiblí le haghaidh na dtaifead nach raibh san áireamh sa bhuniarraidh.

4.13 Bíonn na tosca céanna i bhfeidhm i gcás iarratais, déanta ag duine atá ag éileamh go ndearna gníomh comhlachta phoiblí difear dó/di, ar athbhreithniú ar bhreith ar iarratas a rinneadh faoi alt 18 do ráiteas maidir leis na cúiseanna faoin ngníomh agus do thorthaí ábhartha ar bith den fhíric. Má thugann an t-iarrthóir ceist nua chun cinn, nár tugadh chun cinn sa bhuniarraidh ar an gcomhlacht poiblí, ba chóir mar sin an cur chuige a bhfuil cur síos déanta air thuas maidir le hiarrataí faoi alt 7 do rochtain ar thaifid a leanúint. Arís eile, níor chóir iarratas ar athbhreithniú a dhiúltú ach i ndiaidh d'Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin, nó grád níos airde, é sin a údarú.

4.14 Rogha chun iarratais neamhbhailí a cheadú

Nuair a bhíonn iarratas ar athbhreithniú go hiomlán neamhbhailí, sa mhéid is go mbaineann sé le breith nach bhfuil aon dlínse ag an gCoimisinéir ina leith, ba chóir d'Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin, nó grád níos airde, diúltú dó faoi alt 34(9)(a)(ii). Nuair a bhíonn iarratas bailí go páirteach, ba chóir gurb é an gnáthchur chuige glacadh leis an iarratas sa mhéid is go bhfuil sé bailí agus sa mhéid sin amháin. I gcásanna eisceachtúla mar a bhfuil cur síos orthu thíos, áfach, is féidir a chinneadh de réir rogha an Imscrúdaitheora an t-iarratas a chur isteach ina iomlán. I gcás iarratas faoi alt 7 is é an cur chuige ba chóir a ghlacadh gur féidir an t-iarratas a chur isteach ina iomlán nuair is cosúil nach mbainfí leas ar bith as a iarraidh ar an iarratasóir iarratas nua a dhéanamh leis an gcomhlacht poiblí. Samplaí de thosca den sórt sin is ea iarrataí ar thaifid a bhfuil sé soiléir go bhfuil feidhm ag alt 22(1)(a) nó alt 46 maidir leo. I dtosca den sórt sin, faoi réir chomhaontú an chomhlachta phoiblí, is fearr glacadh leis an iarratas ar athbhreithniú ina iomlán, ach ba chóir an t-iarratasóir a chur ar an eolas go bhféadfaí, go teicniúil, diúltú géilleadh d'athbhreithniú ar dhiúltú ar rochtain nó go bhféadfaí dúshlán maidir le bailíocht athbhreithniú an Choimisinéara a thabhairt ina dhiaidh sin.

4.15 Bíonn na cúinsí céanna i bhfeidhm i gcás iarratais, déanta ag duine atá ag éileamh go ndearna gníomh chomhlachta phoiblí difear dó/di, ar athbhreithniú ar bhreith ar iarratas a rinneadh faoi alt 18 do ráiteas maidir leis na cúiseanna don ghníomh agus do thorthaí ábhartha ar bith den fhíric. Tá cúram áirithe ag teastáil, áfach, maidir le cinneadh a dhéanamh an bhfuil iarratais den sórt sin neamhbhailí. I ndáiríre, is féidir go mbeidh an chosúlacht air go bhfuil iarratasóirí ag tabhairt nithe nua chun cinn ag staid an athbhreithnithe inmheánaigh nó an Choimisinéara Faisnéise, nuair nach bhfuil á dhéanamh acu ach leordhóthanacht na bunbhreithe faoi alt 18 a cheistiú. Níor chóir glacadh le cásanna, áfach, nuair is beag gaoil, más ann dó ar chor ar bith, atá idir an ní atá tugtha chun cinn agus an bhuniarraidh chuig an gcomhlacht poiblí. Mar an gcéanna, ba chóir, de ghnáth, diúltú géilleadh do chásanna inar tháinig an iarraidh faoi alt 18 chun cinn ar dtús ag staid an athbhreithnithe inmheánaigh, spreagtha, b'fhéidir, ag rochtain ar thaifid a fuarthas i mbuniarraidh.

4.16 Iarratais dheireanacha ar athbhreithniú a cheadú

Forálann alt 34(4) nach mór iarratais ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de na

teorainneacha ama seo a leanas :

- I gcás breitheanna faoi alt 9 chun an t-am a thógtar chun iarraidh a mheas, a fhadú – tráth nach déanaí ná coicís i ndiaidh fógra maidir leis an mbreith a thabhairt don duine iomchuí lena mbaineann
- I gcás breithe ar iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi – tráth nach déanaí ná coicís i ndiaidh fógra maidir leis an mbreith a thabhairt don duine iomchuí lena mbaineann agus
- tráth nach déanaí ná sé mhí i ndiaidh fógra maidir leis an mbreith a thabhairt i gcásanna eile.

4.17 Sa trí chás, áfach, is féidir leis an gCoimisinéir an tréimhse ama seo a fhadú má bhíonn sí den tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann chun é sin a dhéanamh.

4.18 Ciallaíonn sé seo nár chóir iarratais dheireanacha a thabhairt isteach de ghnáth. Seachas forálacha soiléire an Achta, is féidir go mbeadh cúiseanna maithe ann le diúltú d'iarratas. Mar shampla, is féidir gur tháinig athrú ar thuairim an chomhlachta phoiblí san idirthréimhse agus is féidir go mbeadh toradh éagsúil ar iarraidh um SF nua. I gcásanna eile léiríonn na ceanglais chinnteachta nár chóir do chomhlacht poiblí leanúint ar aghaidh i mbaol athbhreithnithe ar a bhreith i ndiaidh tréimhse ama réasúnach a bheith caite.

4.19 I measc na bhforas a bhféadfaí a mheas a bheith réasúnach i gcásanna ar leith tá tosca 'force majeure', e.g. breoiteacht, neamhláithreachas ón mbaile, má theipeann ar an gcomhlacht poiblí sonraí a thabhairt don iarrthóir maidir lena cheart achomharc a dhéanamh leis an Oifig seo, nó fianaise faoi fhíormhearbhall a bheith ar an iarrthóir /na hiarrthóirí i leith an phróisis achomhairc. Cinnfidh an Coimisinéir gach cás, áfach, ar a fhiúntas féin agus ní féidir sraith chuimsitheach foras a leagan amach roimh ré a mheasfar a bheith réasúnach.

4.20 I gcásanna ina ndéantar an t-iarratas lasmuigh den spriocdháta, ba chóir an t-iarratasóir a chur ar an eolas i scríbhinn nach ndearnadh an t-iarratas in am agus nach gceadóidh an Coimisinéir iarratas deireanach ach amháin má tá forais réasúnacha ann chun tacú leis. Tabharfar cuireadh don iarratasóir aighneacht a dhéanamh maidir le forais réasúnacha ar bith chun spriocdháta an iarratais a fhadú.

4.21 Má iarrann an t-iarratasóir ar an gCoimisinéir a rogha féin a fheidhmiú agus má chuireann sé/sí forais chun cinn chun tacú leis seo, ba chóir an t-ábhar a phlé le hImscrúdaitheoir Sinsearach sula dtabharfar breith chun glacadh leis an iarratas ar athbhreithniú nó diúltú géilleadh dó. I gcásanna ar leith is féidir go n-iarrfaidh an Coimisinéir tuairimí an chomhlachta phoiblí ar iarratas deireanach.

4.22 Iarratais dheireanacha faoi 'alt 29'

I gcásanna ina bhfuil an t-iarratasóir ina agóideoir faoi alt 29, is féidir nach mbeadh sé praiticiúil iarratais dheireanacha a cheadú mar go mbeadh an fhaisnéis nochta ag an gcomhlacht poiblí cheana féin. Áit arb é/í an t-iarratasóir

an buniarrthóir, d'fhéadfadh agóideoir tríú páirtí dúshlán aon iarrachta ar iarratas deireanach a chur isteach a thabhairt. I gcásanna den sórt sin, ba chóir an t-iarratasóir agus an comhlacht poiblí a chur ar an eolas i scríbhinn nach féidir glacadh leis an iarratas mura measann an Coimisinéir Faisnéise go bhfuil forais réasúnacha ann chun tacú leis (féach 4.19).

4.23 Sula ndiúltaítear d'iarratas deireanach ón mbuniarrthóir, áit ar cosúil go mbaineann an bhreith le hiarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi, ba chóir a fháil amach an raibh feidhm ag an alt sin, go deimhin, maidir leis an iarraidh ar an gcomhlacht poiblí. De ghnáth, bainfidh sé seo le comhad um dhéanamh breitheanna an chomhlachta phoiblí a scrúdú. Is é an phríomhchúis imní anseo ar chinn an comhlacht poiblí go raibh an taifead díolmhaithe de bhua alt 26(1), 27(1) nó 28(1), sular tugadh fógra do dhuine a bhfuil feidhm ag alt 29(2) maidir leis/léi, ach de bhua alt 26(3), 27(3) nó 28(5) gur chóir é a nochtadh mar, tríd is tríd, gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail mar sin. De ghnáth, níor chóir d'Imscrúdaitheoirí iarracht a dhéanamh dul taobh thiar d'fhógra alt 29 airbheartaithe. Áit a léiríonn an fhianaise go soiléir, áfach, gur chinn an comhlacht poiblí roimh fhógra alt 29 gur bhain díolúine éigin (seachas alt 26, 27 nó 28) leis an taifead, nó má bhí sé den tuairim cheana féin nárbh fhearr, tríd is tríd, a dhéanfaí leas an phobail tríd an taifead a nochtadh, níor chóir déileáil leis an iarraidh mar iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi. I gcásanna den sórt sin, má bhaineann an t-iarratas ar athbhreithniú le breith thosaigh tugtha ag comhlacht poiblí, ba chóir diúltú don iarratas mar iarratas neamhbhailí. Ba chóir cuireadh a thabhairt don iarrthóir iarratas a dhéanamh leis an gcomhlacht poiblí ar athbhreithniú inmheánach agus, más gá, ba chóir cuireadh a thabhairt don chomhlacht poiblí machnamh a dhéanamh ar iarratas deireanach faoi alt 14(7) a cheadú. Má bhaineann an t-iarratas ar athbhreithniú le breith tugtha ar athbhreithniú inmheánach is féidir déileáil leis an iarratas mar iarratas bailí agus glactha má tá sé laistigh den teorainn ama sé mhí. *(Féach freisin ar Aguisín 3)*

4.24 Ilathbhreithnithe

Áit a bhfuil athbhreithniú amháin nó níos mó ag an iarratasóir os comhair an Choimisinéara, ba chóir do cheann an aonaid tacaíochta a sheiceáil an mbaineann an t-iarratas ar athbhreithniú le hábhar atá ina ní d'athbhreithniú eile den sórt céanna cheana féin. Má bhaineann, ba chóir an t-iarratasóir a chur ar an eolas nach bhfuil sé ar intinn glacadh leis an iarratas ach go ndéanfar an ní a mheas i gcomhthéacs an athbhreithnithe a rinneadh roimhe seo. I gcás den sórt sin, ba chóir an comhad a chur ar aghaidh chuig an Imscrúdaitheoir atá ag déileáil leis an athbhreithniú a rinneadh roimhe seo. Ba chóir a thabhairt faoi deara nár chóir diúltú d'iarratas ar na cúinsí seo ach amháin má bhíonn athbhreithniú iomlán le déanamh ar an mbreith lena mbaineann mar chuid den athbhreithniú eile.

4.25 Is féidir go dtarlódh sé uaireanta go mbainfeadh iarratas ar athbhreithniú, a bheag nó a mhór, le hábhar atá ina ní d'iarratas ar athbhreithniú ar leith ag an bpáirtí céanna. Níor chóir diúltú d'iarratais den sórt sin ach de ghnáth ba chóir iad a thabhairt don Imscrúdaitheoir atá ag déileáil leis an athbhreithniú eile, agus a

aird/a haird a tharraingt orthu.

4.26 Iarratais áit a bhfuil, a raibh nó a mbeidh an t-ábhar ina ní d'athbhreithniú eile

Forálann alt 34(9)(a)(iii) gur féidir leis an gCoimisinéir, dá rogha féin, diúltú géilleadh d'iarratas ar athbhreithniú áit a bhfuil, a raibh nó a mbeidh an t-ábhar lena mbaineann an t-athbhreithniú ina ní d'athbhreithniú eile faoin alt sin.

4.27 I gcásanna lena mbaineann iarratais le hábhar a bhí ina ní d'athbhreithniú críochnaithe, ba chóir an t-iarratasóir (agus an comhlacht poiblí, más gá) a chur ar an eolas i scríbhinn ar an toradh a bhí ar an athbhreithniú sin agus ba chóir cóip den bhreith sin a thabhairt dóibh. Ba chóir an t-iarratasóir a chur ar an eolas go bhfuil gach cosúlacht ann go ndiúltóidh an Coimisinéir, dá rogha féin, glacadh leis an iarratas ar athbhreithniú, mura léirítear, chun sástacht an Choimisinéara, go bhfuil an t-iarratas nua in-idirdhealaithe ón gcéad cheann. Ba chóir iarraidh ar an iarratasóir fianaise ar bith den sórt sin a sheoladh ar aghaidh laistigh de thrí seachtaine, mura ndéantar é sin molfar don Choimisinéir gan glacadh leis an iarratas. De ghnáth níor chóir gan glacadh le hiarratas ar athbhreithniú ach amháin má bhíonn na taifid uile atá á gcuardach ina ní d'athbhreithniú ar leith.

4.28 Is faoin gCoimisinéir é freisin diúltú géilleadh d'iarratas má bhaineann an t-iarratas le hábhair atá ina ní d'athbhreithniú reatha. I ndáiríre, ní dóiche go ndiúltódh an Coimisinéir d'iarratas den sórt sin murab ionainn is go bhfuil forais dhosháraithe ann chun é sin a dhéanamh. Agus an Coimisinéir ag smaoineamh a rogha féin a fheidhmiú chun diúltú don iarratas, ní mór a bheith cúramach i gcásanna ina bhféadfadh tionchar a bheith ag céannacht an iarrthóra ar thoradh an athbhreithnithe. Sampla den chineál cáis atá i gceist anseo is ea iarraidh, dá ngéillfí di, a mbeadh nochtadh faisnéise pearsanta i gceist léi. D'fhéadfadh toradh athbhreithnithe den sórt sin agus na saincheisteanna atá i gceist a bheith ag brath ar chéannacht an iarratasóra. I gcásanna den sórt sin beidh sé iomchuí go nglacfadh an Coimisinéir le níos mó ná iarratas amháin ar athbhreithniú.

4.29 Fógra maidir le glacadh le hiarratas

A luaithe agus a chinntear glacadh le hiarratas ar athbhreithniú, is gá fógra a thabhairt do na páirtithe seo a leanas:

- an comhlacht poiblí
- an t-iarrthóir
- an t-iarratasóir (más iarratas i leith ailt 17 nó 18 an t-iarratas)
- más breith í i leith iarrata lena mbaineann alt 29, duine a bhfuil feidhm ag alt 29(2) maidir leis nó léi (féach 4.30).

4.30 Ciallaíonn breith i leith iarrata lena mbaineann alt 29, breith i leith iarrata ar rochtain ar thaifid ina bhfuil faisnéis a fuarthas faoi rún, faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó faisnéis phearsanta áit a bhfuil sé de thuairim ag an gcomhlacht poiblí (faoi réir thuairimí an pháirtí a thug an fhaisnéis don

chomhlacht poiblí a fháil agus/nó páirtí lena mbaineann an fhaisnéis) gurbh fhearr, tríd is tríd, a dhéanfaí leas an phobail trí ghéilleadh don iarraidh ná trí dhiúltú géilleadh di. Ciallaíonn duine a bhfuil feidhm ag alt 29(2) maidir leis/léi:

- i gcás iarrata a bhfuil feidhm ag alt 26(3) maidir léi, an duine a thug an fhaisnéis don chomhlacht poiblí agus, má mheasann an comhlacht poiblí é a bheith cuí, an duine lena mbaineann an fhaisnéis, agus
- i gcás iarrata a bhfuil feidhm ag alt 27(3) nó 28(5) maidir léi, an duine lena mbaineann an fhaisnéis.

Is í an phríomhchúis imní anseo ar chinn an comhlacht poiblí go raibh an taifead díolmhaithe de bhua alt 26(1), 27(1) nó 28(1), sular tugadh fógra do dhuine a bhfuil feidhm ag alt 29(2) maidir leis/léi, ach de bhua alt 26(3), 27(3) nó 28(5) ar chóir é a nochtadh mar, tríd is tríd, gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail mar sin.

Ach ar an láimh eile, má rinneadh an comhairliúchán ar chúis éigin eile, mar shampla le súil cead an pháirtí atá i gceist a fháil nó le súil fógra a thabhairt don pháirtí go rabhthas le faisnéis a bhain leo a nochtadh, ba chóir ansin diúltú d'iarratas ar bith ó agóideoir tríú páirtí.

I ndáiríre, ní bhíonn sé chomh simplí sin, i gcónaí, fáil amach cén fáth a ndearnadh comhairliúchán agus is féidir nach bhfaighfí freagra fiú tar éis féachaint ar an gcomhfhreagras ach ba chóir na treoirlínte seo a leanas a leanúint. Má chinneann an comhlacht poiblí an taifead a nochtadh agus má bhíonn an bhreith sin bunaithe ar fhorálacha ailt 26(3), 27(3) nó 28(5), is féidir glacadh leis ansin gur raibh an tuairim seo ag an gcomhlacht poiblí roimh chomhairliúchán ar bith agus, dá bhrí sin, gur breith í an bhreith ar iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi. I gcásanna nach bhfuil réasúnaíocht na breithe soiléir ón litir bhreithe, ba chóir iarraidh ar an gcomhlacht poiblí a dhearbhú an bhfuil sí bunaithe ar fhorálacha ailt 26(3), 27(3) nó 28(5) nó nach bhfuil. *(Féach ar Aguisín 3 freisin)*

5. 0 <u>Measúnú ar iarratais ar athbhreithniú</u>

5.1 Cuspóir an mheasúnaithe thosaigh

Nuair a thugtar cás d'Imscrúdaitheoir, ba chóir don Imscrúdaitheoir measúnú tosaigh a dhéanamh. Is é príomhchuspóir an mheasúnaithe thosaigh cur ar chumas an Imscrúdaitheora breith a dhéanamh ar an gcur chuige is fearr chun an cás a réiteach. Léiríonn an taithí go dtí seo go ndéantar breith ar chuid shuntasach d'athbhreithnithe (thart ar 50%) ar bhealach eile seachas breith cheangailteach an Choimisinéara faoi alt 34(2). I roinnt mhaith cásanna, críochnaítear athbhreithnithe trí shocraíocht idir páirtithe (mar atá i gceist le halt 34(7)), tríd an iarratas ar athbhreithniú a tharraingt siar nó trína scor. I gcásanna den sórt sin, is iondúil go n-athraíonn ceann amháin de na páirtithe nó ceann eile acu a seasamh. De ghnáth, is ar an fhaisnéis a bhíonn le fáil sa chomhfhreagras a iarrtar ar an

gcomhlacht poiblí ag staid an scagtha (féach míreanna 4.1 agus 4.3 thuas), ar scrúdú na dtaifead, agus más féidir, ar ábhar na n-aighneachtaí ó na páirtithe iomchuí, amháin a bhunaítear an measúnú tosaigh.

5.2 Mar chuid den mheasúnú tosaigh ba chóir don Imscrúdaitheoir iarracht na nithe seo a leanas a dhéanamh

- measúnú a dhéanamh an gá fógra a thabhairt d'aon pháirtí eile, seachas iad sin a bhfuil tagairt déanta dóibh i mír 4.29, (féach treoracha i míreanna 5.8 go 5.16),
- measúnú a dhéanamh ar ar thug an comhlacht poiblí ráiteas leordhóthnach maidir leis na cúiseanna ar a bhreith don iarrthóir (murar thug, is féidir fógra faoi alt 35 a eisiúint – féach mír 5.3),
- cásanna ar féidir go bhfuil siad inréitithe gan bhreith cheangailteach a aithint,
- go háirithe cásanna a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do réiteach a aithint, agus
- measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis nó aighneachtaí breise, más ann dóibh, ar gá iad a fháil ó na páirtithe.

5.3 Fógra faoi Alt 35

Faoi alt 8 agus alt 14 den Acht cuirtear dualgas ar chomhlacht poiblí atá ag diúltú géilleadh d'iarraidh, go hiomlán nó go páirteach, ráiteas maidir leis na cúiseanna don diúltú a thabhairt don iarrthóir agus, seachas i gcásanna ina bhfuil na forálacha a cheadaíonn diúltú do dhearbhú nó séanadh gur ann do thaifead á gcur i bhfeidhm, na nithe seo a leanas a shonrú

- foráil ar bith den Acht gur dá bun atá an iarraidh á diúltú,
- torthaí ar shaincheisteanna ábhartha ar bith a bhaineann leis an mbreith, agus
- mionsonraí ábhair ar bith a bhaineann le leas an phobail curtha san áireamh chun críocha na breithe.

5.4 D'fhonn téarmaí na n-alt seo a chomhlíonadh ní leor do chomhlacht poiblí focail an díolúine ar leith a athscríobh. Ba chóir go léireodh an ráiteas maidir leis na cúiseanna nasc, tacaithe ag réasúnaíocht, idir an bhreith agus torthaí an duine a rinne an bhreith ar shaincheisteanna ábhartha. Áit a measann an Coimisinéir nach bhfuil an ráiteas maidir leis na cúiseanna leordhóthanach, éilíonn alt 35 den Acht go n-ordódh an Coimisinéir do cheann an chomhlachta phoiblí ráiteas a thabhairt don iarrthóir agus don Choimisinéir araon, ar ráiteas é ina mbeidh aon fhaisnéis bhreise i ndáil leis na nithe thuas atá faoi chumhacht nó faoi rialú an chinn. Nuair a bheidh cóipeanna de bhreith an chomhlachta phoiblí faighte ba chóir don Aonad Tacaíochta, agus i ndiaidh an chomhad cáis a fháil, ba chóir don Imscrúdaitheoir a mheas an bhfuil treoir faoi alt 35 ag teastáil.

5.5 I bhformhór na gcásanna, is inmhianaithe go scrúdódh an tImscrúdaitheoir na taifid faoi dhíospóid mar chuid den mheasúnú tosaigh ar an gcás. Ní bhíonn sé seo riachtanach i gcónaí áfach. Mura bhfuil sceideal taifead curtha ar fáil ag an gcomhlacht poiblí, ansin, seachas i gcásanna nach mbaineann ach le roinnt

taifead, ba chóir d' Imscrúdaitheoirí, nó mar is cuí, don Aonad Tacaíochta sceideal ag liostú na dtaifead a iarraidh ar an gcomhlacht poiblí in ord seiceamhach de réir uimhreach agus leis an bhfaisnéis seo a leanas iontu:

- dáta an taifid,
- teideal an doiciméid nó ainm an údair nó an tseolaí,
- cur síos gearr,
- an díolúine atá á héileamh.

5.6 I gcás taifead a scaoileadh is leordhóthanach go léireodh an sceideal uimhir an taifid (chomh fada agus go bhfuil cóipeanna uimhrithe de na taifid curtha ar fáil) agus a léiriú gur nochtadh é.

5.7 I ngach cás, ba chóir don Imscrúdaitheoir a sheiceáil ag tús an mheasúnaithe thosaigh an bhfuil an pointe atá i gceist socraithe cheana féin i gcás eile nó má táthar á mheas faoi láthair i gcás eile. Is faoin Imscrúdaitheoir atá sé an fhoirm seiceála a roghnú ach de ghnáth beidh cuardach ar Bhunachar Sonraí Tagartha i gceist nó plé le hImscrúdaitheoir Sinsearach.

5.8 Fógra do dhaoine eile a ndéanann an t-iarratas difear dóibh

Éilíonn Alt 34(6) ar an gCoimisinéir fógra a thabhairt do na páirtithe seo a leanas maidir lena moladh chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith chomhlachta phoiblí :

- ceann an chomhlachta phoiblí,
- an t-iarrthóir,
- más breith í i leith iarrata lena mbaineann alt 29, duine a bhfuil feidhm ag alt 29(2) maidir leis nó léi, agus
- aon duine eile ar chóir, ina tuairim, fógra a thabhairt dó nó di.

5.9 Ba chóir na treoracha i míreanna 5.10 go 5.13 a leanúint chun cinneadh ar cheart fógra a thabhairt do pháirtí seachas an comhlacht poiblí, an t-iarrthóir nó duine lena mbaineann alt 29(2), maidir le moladh an Choimisinéara le hathbhreithniú a dhéanamh ar bhreith chomhlachta phoiblí. Tá sé inmhianaithe go dtabharfaí fógra den sórt sin chomh luath agus is féidir san athbhreithniú.

5.10 Forálann alt 42 gur féidir le páirtí in athbhreithniú nó aon duine eile a ndéanann breith an Choimisinéara difear dó nó di achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí i gcoinne na breithe sin. Éilíonn alt 34(10) go dtabharfadh an Coimisinéir fógra faoina breith, inter alia, do dhuine ar bith ar cheart, ina tuairim, fógra a thabhairt dó nó di. Is léir gur cheart fógra a thabhairt do dhuine ar bith a ndéanfadh a breith difear dó nó di, d'fhonn deis a thabhairt don duine a chearta/a cearta a fheidhmiú faoi alt 42. Dá bhrí sin, is treoirlíne le cinneadh a dhéanamh ar cheart fógra a thabhairt do thríú páirtí faoi alt 34(6) nó nár cheart, an bhfuil an chosúlacht ann go ndéanfaidh breith an Choimisinéara difear don duine sin.

5.11 Ciallaíonn sé sin, i ndiaidh glacadh le hiarratas ar athbhreithniú a dhéanamh ar

bhreith diúltú do rochtain ar thaifead ina bhféadfadh faisnéis tríú páirtí a bheith ann, tá sé riachtanach na nithe seo a leanas a dhéanamh

- gach faisnéis tríú páirtí a aithint,
- a chinneadh an bhfuil sé riachtanach fógra a thabhairt do na páirtithe ("tríú páirtí ar bith") seachas an comhlacht poiblí, an t-iarrthóir nó duine lena bhfuil feidhm ag alt 29(2) maidir leis nó léi (is gá an duine lena bhfuil feidhm ag alt 29(2) maidir leis nó léi a chur ar an eolas de réir na dtreoracha i mír 4.29 thuas).

5.12 Mar riail ghinearálta ní bheadh sé inmhianaithe dá gcinnfeadh an Coimisinéir faisnéis a nochtadh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna duine éigin i ngan fhios don duine sin.

Den chuid is mó ba chóir an bhreith maidir le fógra a thabhairt do thríú páirtí a bheith bunaithe ar bhreithiúnas tosaigh an Imscrúdaitheora maidir le toradh dóchúil an athbhreithnithe chomh fada is a bhaineann sé le faisnéis tríú páirtí. Má tá an chosúlacht air go bhfuil breith an chomhlachta phoiblí ceart mar a sheasann sé, ní gá fógra a thabhairt don tríú páirtí ag tús an athbhreithnithe.

5.13 I gcásanna ar leith ní bheidh sé soiléir ag an tús go bhfuil faisnéis sna taifid a chuir tríú páirtí ar fáil nó faisnéis faoi thríú páirtí ar féidir go mbeidh gá fógra a thabhairt dó/di faoi athbhreithniú an Choimisinéara. Nuair a thagann sé seo chun aird Imscrúdaitheora ag staid níos déanaí den athbhreithniú, ba chóir fógra a thabhairt don pháirtí gan mhoill.

Ba chóir aird an Choimisinéara a tharraingt ar chásanna ina luaitear tríú páirtí ar bith agus ina gcinntear nach ndéanann breith difear dóibh.

5.14 Foirm an fhógra do pháirtithe a ndéanann iarratas difear dóibh
Neamhchosúil le halt 29, a shonraíonn nithe ar leith nach mór a chur in iúl don pháirtí a bhfuiltear i gcomhairle leis, ní éilíonn alt 34(6) ach go dtabharfaí fógra don pháirtí faoin moladh chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith an chomhlachta phoiblí lena mbaineann.

5.15 Beidh ábhar an fhógra faoi alt 34(6) éagsúil ó chás go cás. De ghnáth, ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh ann:

- roinnt sonraí faoin iarraidh déanta agus céard iad na taifid a bhaineann leis an iarrthóir a cuireadh san áireamh san iarraidh,
- míniú ar a gcaoi ar tháinig an t-ábhar faoi bhráid an Choimisinéara agus a ról,
- roinnt sonraí ar bhreith an chomhlachta phoiblí, na díolúintí ar braitheadh orthu agus díolúintí iomchuí ar bith eile,
- cuireadh chun cead a thabhairt na taifid a nochtadh (i gcásanna oiriúnacha),
- míniú ar réamhbhreith an Imscrúdaitheora gur chóir an t-ábhar a scaoileadh faoin Acht, agus

- cuireadh chun aighneacht a dhéanamh (nach gá a bheith teoranta do na nithe a thugann an tImscrúdaitheoir chun cinn) má bhíonn an páirtí i gcoinne na dtaifead a nochtadh.

5.16 Ba chóir cóip de gach fógra a chur sa chomhad.

5.17 Cásanna ar cosúil iad a bheith inréitithe gan bhreith cheangailteach
Ar ndóigh, ní féidir gach cás den sórt sin a aithint ag tús an athbhreithnithe, mar gheall ar an bhfaisnéis teoranta a bhíonn ar fáil de ghnáth don Imscrúdaitheoir ag an bpointe sin. Go deimhin, i go leor cásanna, cabhróidh fiosrú eile ar an ábhar leis an Imscrúdaitheoir réiteach a mholadh ag staid níos deireanaí. Mar sin féin, léiríonn taithí gur féidir réiteach a fháil i roinnt cásanna nuair is léir go bhfuil breith an chomhlachta phoiblí ceart nó mícheart.

5.18 Áit a bhfuil an tImscrúdaitheoir de thuairim shoiléir, i ndiaidh na fianaise atá ar fáil a mheas, go bhfuil míthreorú déanta ag an gcomhlacht air féin nó go bhfuil an chosúlacht ann nár chuir sé breith ón gCoimisinéir a bhain leis go díreach san áireamh, is féidir le hImscrúdaitheoir ag an staid seo moladh a dhéanamh leis an gCoimisinéir deireadh a chur leis an athbhreithniú trí bhreith cheangailteach. De rogha air sin, in iarracht le féachaint teacht ar réiteach, is féidir le hImscrúdaitheoir dá rogha féin, a iarraidh go ndéanfadh an comhlacht poiblí athmhachnamh ar a sheasamh agus ba chóir a aird a tharraingt ar na hábhair iomchuí ar cosúil go ndearna sé neamhaird orthu agus a bhreith á tabhairt aige. Ba chóir go míneofaí go hiomlán sa litir chuig an gcomhlacht poiblí an bunús atá le réamhbhreith an Imscrúdaitheora go ndearna an comhlacht poiblí míthreorú air féin. Ba chóir tréimhse coicíse ar a laghad a chur ar fáil don chomhlacht poiblí chun freagra a thabhairt ar na pointí a rinne an tImscrúdaitheoir nó chun a thuilleadh aighneachtaí a dhéanamh maidir le ní ar bith eile a mheasann sé a bheith ábhartha don athbhreithniú. Ba chóir don litir a léiriú gur cosúil go bhfuil an cás oiriúnach do bhreith luath ón gCoimisinéir agus mura bhfaightear freagra laistigh de choicís go gcuirfear an comhad ar aghaidh chuig an gCoimisinéir le moladh go gcinnfeadh sé/sí an t-abhar ar aon dul leis an gcur chuige a glacadh sa litir. Mura bhfaightear freagra sásúil laistigh den tréimhse coicíse ba chóir an cás a chur ar aghaidh chuig an gCoimisinéir le moladh do bhreith.

5.19 I roinnt cásanna, ní ghlacfaidh comhlacht poiblí leis go raibh a bhreith féin mícheart agus cuirfidh sé ar aghaidh a thuilleadh fíricí agus argóintí chun tacú lena bhreith. I gcásanna den sórt sin, ba chóir an t-ábhar breise a chuireann an comhlacht poiblí ar fáil a mheas go hiomlán. I ndiaidh é a mheas, má athraíonn an tImscrúdaitheoir a thuairim/a tuairim thosaigh go raibh breith an chomhlachta phoiblí mícheart ba chóir na treoracha i míreanna 5.25 agus 5.32 a leanúint. Ag an am céanna, is féidir leis an Imscrúdaitheoir a chinneadh go bhfuil a thuilleadh iniúchta ag teastáil agus ba chóir na treoracha i mír 5.28 a leanúint. De rogha air sin, is féidir go gcinnfeadh an tImscrúdaitheoir gur féidir críoch a chur leis an athbhreithniú ag an staid seo agus ba chóir na treoracha in alt 6 a leanúint.

5.20 Áit ar cosúil go bhfuil údar iomlán le breith an chomhlachta phoiblí agus go ndearnadh aighneachtaí an iarrthóra (má cuireadh ceann ar bith ar fáil) a mheas, is féidir ansin leis an Imscrúdaitheoir ag an staid seo moladh a dhéanamh don Choimisinéir críoch a chur leis an athbhreithniú trí bhreith cheangailteach. De rogha air sin, in iarracht le teacht ar réiteach, féadfaidh an tImscrúdaitheoir dá rogha féin teagmháil a dhéanamh leis an iarratasóir ag míniú cén fáth a meastar go bhfuil breith an chomhlachta phoiblí ceart. Ba chóir don Imscrúdaitheoir ról an Choimisinéara a mhíniú agus, más cuí, ba chóir a dhéanamh soiléir nach mbaineann sainchúram an Choimisinéara le díospóidí, nach bhfuil faoi théarmaí na nAchtanna um SF, a réiteach. Ba chóir don Imscrúdaitheoir scóip an athbhreithnithe a leagan amach go soiléir freisin agus ba chóir a léiriú go bhfuil sé ar intinn ag an Imscrúdaitheoir an comhad a chur ar aghaidh chuig an gCoimisinéir le moladh do bhreith cheangailteach ar aon dul leis an gcur síos a bhí déanta. Ba chóir tréimhse coicíse ar a laghad, áfach, a thabhairt don iarratasóir chun aighneacht ar bith a dhéanamh maidir leis na hábhair a thug an tImscrúdaitheoir chun cinn nó maidir le ní ar bith eile a mheasann sé/sí a bheith iomchuí don athbhreithniú. Ba chóir aighneacht ar bith den sórt sin a mheas go hiomlán. I ndiaidh é a mheas, má athraíonn an tImscrúdaitheoir a thuairim/a tuairim thosaigh go raibh an ceart ag an gcomhlacht poiblí diúltú do rochtain, ba chóir don Imscrúdaitheoir smaoineamh ar theagmháil a dhéanamh leis an gcomhlacht poiblí.

5.21 Socraíochtaí

Mar chuid den mheasúnú tosaigh, ba chóir don Imscrúdaitheoir a mheas an bhfuil féidearthacht ann an cás a réiteach, de bhun ailt 34(7). Baineann roinnt buntáistí le cásanna a réiteach gan bhreith cheangailteach. Ó thaobh an iarrthóra de, is féidir go mbeadh réiteach níos tapúla ar an ábhar agus go mbeadh rochtain, níos túisce, ar na taifid a rabhthas á gcuardach. Ó thaobh an chomhlachta phoiblí de, má fhaightear réiteach is féidir a thuilleadh aighneachtaí scríofa a thógann go leor ama a sheachaint. Ba chóir go ndéanfadh Imscrúdaitheoirí soiléir é nach cleachtadh é an réiteach atá deartha chun cearta iarrthóirí a laghdú ar bhealach ar bith. Ina ionad sin, is próiseas é atá dírithe ar na difríochtaí idir an dá thaobh a laghdú. I roinnt cásanna, tagann pointe ina mbíonn an t-iarratasóir sásta glacadh le breith an chomhlachta phoiblí mar a cóiríodh í le linn an nós imeachta a bhaineann leis an réiteach a fháil. I gcásanna eile, bíonn difríochtaí ann i gcónaí nach féidir a réiteach ach trí bhreith cheangailteach ón gCoimisinéir. Fiú má bhíonn breith cheangailteach ag teastáil, is féidir leis an bpróiseas socraíochta cabhrú le cinntiú go ndíríonn an bhreith ar riachtanais na díospóide idir na páirtithe.

5.22 I gcás ar bith ina measann an tImscrúdaitheoir go bhfuil féidearthacht ann an cás a réiteach nó na difríochtaí idir na páirtithe a laghdú, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh le gach páirtí, ag taispeáint an bonn féideartha don socraíocht. Agus socraíocht féideartha á meas, ba chóir aird a thabhairt ní hé amháin ar ghéilleadh do rochtain ar na taifid ach ar na féidearthachtaí go bhféadfadh foirm eile rochtana a bheith inghlactha ag na páirtithe nó go mbeadh sé inghlactha rochtain a

iarchur ar feadh tréimhse sonraithe. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur cheart an fhéidearthacht ar shocraíocht a mheas i gcásanna a bhaineann le halt 29, alt 17 agus alt 18, chomh maith le cásanna rochtana simplí.

5.23 Cásanna eile

I roinnt mhaith cásanna, beidh faisnéis neamhleor ag an Imscrúdaitheoir d'fhonn breithiúnas réasúnach a thabhairt maidir le toradh dóchúil an athbhreithnithe. I gcásanna den sórt sin, ba chóir don Imscrúdaitheoir smaoineamh ar iarraidh ar an gcomhlacht poiblí, nó más cuí, ar an iarratasóir, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sonracha a thagann chun cinn ón measúnú tosaigh laistigh de choicís ar a laghad agus ba chóir dó/di aon aighneacht eile a cheaptar a bheith iomchuí don athbhreithniú a iarraidh. Is é an cuspóir a bhaineann leis seo iarracht a dhéanamh, an oiread agus is féidir, na fíricí iomchuí a fháil ón gcomhlacht poiblí nó ón iarrthóir agus, i gcás an chomhlachta phoiblí, tuiscint iomlán a fháil ar na cúiseanna a bhfuil an comhlacht poiblí ag éileamh díolúintí faoi leith. Iarrfaidh an tImscrúdaitheoir freisin fíorábhar breise den sórt sin de réir mar a mheasann sé/sí a bheith iomchuí don bhreith.

5.24 Agus an tImscrúdaitheoir ag scríobh chuig an gcomhlacht poiblí, ba chóir aird a tharraingt ar alt 34(12)(b) a fhorálann go dtoimhdeofar nach raibh údar le breith chomhlachta phoiblí diúltú géilleadh do rochtain mura léireoidh an comhlacht poiblí lena mbaineann, chun sástacht an Choimisinéara, go raibh údar leis an mbreith.

5.25 Más cosúil, i ndiaidh na fianaise atá ar fáil a mheas, gur cinnte go bhfuil páirt den bhreith ceart, is féidir leis an Imscrúdaitheoir leanúint ar aghaidh le moladh a dhéanamh don Choimisinéir chun críoch a chur leis an gcás trí bhreith cheangailteach. Ach, ba chóir don Imscrúdaitheoir a mheas ar cheart an t-iarratasóir a chur ar an eolas dá réir sin agus bunús a thuairime/a tuairime a mhíniú dó/di. (Agus machnamh á dhéanamh ar chóir iarratasóir a chur ar an eolas, ba chóir don Imscrúdaitheoir smaoineamh an bhfuil ábhar tugtha chun cinn ag an gcomhlacht poiblí a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar an gCoimisinéir maidir le seasamh le breith an chomhlachta phoiblí – féach freisin ar mhír 5.32). Ba chóir don Imscrúdaitheoir a léiriú, má tharlaíonn sé go mbíonn ar an gCoimisinéir breith cheangailteach a thabhairt, go mbeidh an tImscrúdaitheoir ag déanamh molta ar aon dul leis seo. Maidir leis an bpáirt eile den bhreith, ba chóir don Imscrúdaitheoir a lua go bhfuil an Oifig i dteagmháil leis an gcomhlacht poiblí maidir lena éileamh/éilimh ar dhíolúine. Ba chóir deis a thabhairt don iarrthóir aighneacht a dhéanamh ar na nithe a thug an tImscrúdaitheoir chun cinn nó ar ábhair ar bith eile a mheasann sé/sí a bheith iomchuí don athbhreithniú.

5.26 Nuair a bhaineann an t-athbhreithniú le breith chun géilleadh d'iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi, ba chóir aird an iarratasóra a tharraingt ar alt 34(12)(a) a fhorálann go dtoimhdeofar go raibh údar le breith den sórt sin mura ndéanfaidh an t-iarratasóir a shuíomh, chun sástacht an Choimisinéara, nach raibh údar leis an mbreith.

5.27 I gcásanna ina ndiúltaíonn an comhlacht poiblí an iarraidh ar bhonn nach féidir teacht ar thaifid tar éis gach beart réasúnach a bhaineann le fáil amach cá bhfuil na taifid a ghlacadh, ba chóir na treoirlínte in Aguisín 2 a leanúint.

5.28 A thuilleadh fiosruithe

De ghnáth ní bhíonn gá lena thuilleadh fiosruithe go dtí go bhfaightear freagraí.

5.29 Nuair a mheastar go bhfuil gá lena thuilleadh fiosruithe áfach, ba chóir don fhiosrú a bheith sách cuimsitheach chun cur ar chumas an Choimisinéara breith a thabhairt ar bhonn an fhreagra agus aighneachtaí ar bith a rinneadh. Aithnítear nach féidir é seo a dhéanamh i roinnt mhaith cásanna. Is é an chúis atá leis seo gur gné thábhachtach d'athbhreithniú ar bith iad na fíricí agus an fhaisnéis iomchuí uile a fháil. Is féidir go mbeadh tástáil ar dhearbhuithe na bpáirtithe i gceist anseo. Is féidir go mbeadh gá freisin don Imscrúdaitheoir ábhair a thabhairt chun cinn nár chuir an comhlacht poiblí san áireamh ar bhealach leordhóthanach ina chuid aighneachtaí nó a thug an t-iarrthóir chun cinn.

5.30 Éilíonn go leor de na díolúintí san Acht go bhfeidhmeoidh an comhlacht poiblí a bhreithiúnas – mar shampla, ag déanamh amach an féidir a bheith ag súil go réasúnach go dtarlóidh dochar ar leith. Den chuid is mó de, níor chóir d'Imscrúdaitheoirí dul i mbun díospóireachta le comhlachtaí poiblí maidir le fiúntais a bhaineann le breithiúnas den sórt sin a fheidhmiú. Ba chóir dóibh iarracht a dhéanamh na fíricí iomchuí a fháil agus tuiscint iomlán a fháil ar réasúnaíocht an chomhlachta phoiblí.

5.31 Mar achoimre, níor chóir d'Imscrúdaitheoirí a thuilleadh fiosruithe a dhéanamh ar an gcomhlacht poiblí ach amháin más gá sin a dhéanamh d'fhonn na fíricí iomchuí uile a fháil agus chun tuiscint iomlán a fháil ar réasúnaíocht an chomhlachta phoiblí.

5.32 Uaireanta, is féidir go dtabharfadh comhlacht poiblí ábhair chun cinn i rith an athbhreithnithe den chéad uair. Más léir don Imscrúdaitheoir go bhfuil nithe den sórt sin iomchuí don athbhreithniú agus go bhféadfaidís tionchar a bheith acu ar an gCoimisinéir maidir le seasamh le breith an chomhlachta phoiblí, ba chóir an t-iarratasóir a chur an eolas maidir leis na hábhair sin agus faoin gcúis a mheasann an tImscrúdaitheoir iad a bheith iomchuí. Ba chóir deis a thabhairt don iarratasóir freagra a thabhairt ach, go ginearálta, níor chóir cóip d'aighneacht an chomhlachta phoiblí a thabhairt dó/di. Níor chóir é sin a dhéanamh mar gur chóir aire a thabhairt go bhfuiltear ag leanúint forálacha ailt 43(3). Éilíonn na forálacha sin ar an gCoimisinéir gach réamhchúram réasúnach a ghlacadh d'fhonn cosc a chur ar nochtadh na faisnéise atá ar fáil i dtaifead díolmhaithe nó faisnéis dá gcuirfí san áireamh é gur taifead díolmhaithe a bheadh dá bharr, nó faisnéis a bhaineann leis an gceist an bhfuil taifead ann nó nach bhfuil, áit a n-éilíonn an tAcht ar an gcomhlacht poiblí gan an fhaisnéis seo a nochtadh.

6.0 Conclúid an athbhreithnithe

6.1 I ndiaidh na bhfíricí agus na n-argóintí iomchuí uile atá sna haighneachtaí a bhaineann le gach páirtí a mheas, chomh maith le comhairle dhlíthiúil ar bith agus aon treoracha ón gCoimisinéir, ba chóir don Imscrúdaitheoir athbhreithniú a dhéanamh ar stádas an cháis. Féadfaidh an tImscrúdaitheoir a dhéanamh amach ag an staid seo gur cás é an cas seo gur féidir é a réiteach mar thoradh ar athrú ar sheasamh an chomhlachta phoiblí nó ar athrú ar an iarraidh nó ar athrú ar an dá cheann.

6.2 Ar an láimh eile, is féidir leis an Imscrúdaitheoir a dhéanamh amach nach bhfuil an chosúlacht ann go n-athróidh ceachtar den dá pháirtí a seasamh ar bhealach a thabharfadh réiteach ar an gcás. I gcásanna den sórt sin, ba chóir don Imscrúdaitheoir aighneacht agus dréachtbhreith a ullmhú le cur ar aghaidh chuig an gCoimisinéir, chomh maith leis an gcomhad iomlán (tabhair faoi deara: i gcásanna ar leith is féidir leis an gCoimisinéir Imscrúdaitheoir Sinsearach nó Imscrúdaitheoir a tharmligean chun an bhreith a thabhairt ar a son).

6.3 Is é an cuspóir a bhaineann le haighneacht a chinntiú go bhfuil fíricí uile an cháis ag an gCoimisinéir, gach argóint curtha i láthair agus comhairle dhlíthiúil ar bith agus an cur chuige a úsáideadh sa chás a mhíniú, chomh fada is nach léir é seo ón mbreith. Díríonn an aighneacht aird an Choimisinéara ar dhoiciméid ar bith sa chomhad a mheasann an tImscrúdaitheoir a bheith mar chabhair di agus í ag déanamh athbhreithnithe ar an gcás.

7.0 Críoch a chur le cásanna

7.1 Is féidir deireadh a chur le hathbhreithniú ar roinnt bealaí, .i. :

- tarraingítear siar an t-iarratas ar athbhreithniú ar bhreith an chomhlachta phoiblí,
- déantar an t-athbhreithniú a scor,
- tagtar ar réiteach idir na páirtithe,
- críochnaíonn an Coimisinéir a hathbhreithniú ar bhreith an chomhlachta phoiblí faoi alt 34(2) den Acht.

7.2 Ag deireadh athbhreithnithe is gá don Imscrúdaitheoir na nithe seo a leanas a dhéanamh :

- eagrú go dtabharfar fógra do gach páirtí faoi thoradh an athbhreithnithe i scríbhinn,
- bunchomhaid nó buntaifid ar bith a chuir an comhlacht poiblí ar fáil d'Oifig an Choimisinéara Faisnéise a thabhairt ar ais don chomhlacht sin. Ba chóir don chomhlacht lena mbaineann admháil a thabhairt ar chomhaid nó páipéir ar bith a thugtar ar ais dóibh agus ba chóir an admháil a chur i gcomhad an cháis.

7.3 I gcás athbhreithnithe a chríochnaíonn trí iarratas a tharraingt siar, ba chóir na treoracha seo a leanas a leanúint. Má léiríonn an t-iarratasóir ó bhéal gur féidir déileáil leis an iarratas mar iarratas atá tarraingthe siar, ba chóir dearbhú scríofa a lorg. Ba chóir cóip den fhógra scríofa maidir leis an tarraingt siar a chur chuig an gcomhlacht poiblí. Nuair nach bhfuil sé praiticiúil dearbhú scríofa a fháil ón iarratasóir nó nuair a léiríonn an t-iarratasóir a mhalairt, déanfaidh an oifig nóta de chomhaontú an iarratasóra agus eiseoidh an Oifig dearbhú scríofa chuig an gcomhlacht poiblí lena mbaineann.

8.0 Socruithe chun déileáil le hiarratais ar athbhreithniú

8.1 Is é cuspóir an Choimisinéara gur chóir breith a fháil ar iarratais ar athbhreithniú laistigh den scála treorach ama de cheithre mhí, an oiread agus is féidir, a bhfuil foráil déanta dó in alt 34(3)(b) den Acht um SF.

8.2 Leanfar ar aghaidh ag próiseáil cásanna atá idir lámha cheana féin chomh maith le cásanna reatha. Chun cinneadh a dhéanamh ar an ord ina ndéileálfar leis na cásanna níos sine, beidh feidhm ag na critéir seo a leanas:

8.3 Ar mhaithe le cothromaíocht na nósanna imeachta, tabharfar tús áite do chásanna ar bhonn aoise, .i. déileálfar de ghnáth leis na cásanna níos sine roimh na cásanna a rinneadh níos déanaí.

8.4 Ní ar bhonn aoise amháin a dhéileálfar le cásanna. I roinnt cúinsí, is féidir go ndéileálfar le cásanna a rinneadh níos déanaí ná seanchásanna. Tarlóidh sé sin:

- nuair atá sé níos éifeachtaí déileáil le seanchás ar leith in éineacht le cás reatha (mar shampla, má bhíonn cás reatha an-chosúil le seanchás agus go dtagann na saincheisteanna céanna chun cinn sa dá cheann);
- nuair atá sé níos éifeachtaí déileáil le grúpa áirithe cásanna le chéile mar go bhfuil saincheisteanna gaolmhara i gceist iontu;
- nuair a thugtar cás nó catagóir ar leith do bhall foirne ar leith in Oifig an Choimisinéara Faisnéise, d'fhonn cuspóirí forbartha foirne;
- nuair a chuardaíonn an t-iarratasóir tosaíocht do chúis phráinneach ar leith; ach de bharr go mbeidh formhór na n-iarratasóirí ar ndóigh ag iarraidh go bhfaigheadh a gcásanna tús áite ní bheidh feidhm ag an bhforas seo ach in imthosca eisceachtúla amháin;
- nuair a thagann an Coimisinéir ar an tuairim gur cheart cás ar leith a luathú, mar shampla, d'fhonn treoir ghinearálta a thabhairt do chomhlachtaí poiblí maidir le hiarraidh ar leith nó catagóir iarrata a phróiseáil.

Aguisín 1

SEICLIOSTA 1.

SCAGADH NA nIARRATAS – GINEARÁLTA

CUID A hAON

1. An bhfuil an comhlacht poiblí laistigh de shainchúram an Achta?

   Seiceáil

   - (An Chéad Sceideal)
   - Sceideal an Achta Airí agus Rúnaithe, 1924
   - Reachtaíochtaí Iomchuí

2. An breith í an bhreith gur maidir léi a rinneadh an t-iarratas ar athbhreithniú a thagann laistigh d'alt 34 (1) den Acht?

3. Ar bhain an t-iarrthóir úsáid as athbhreithniú inmheánach? (Tabhair faoi deara: agus an bhreith thosaigh á déanamh, áfach, má d'fhógair an comhlacht poiblí faoi alt 29 ansin ní théann an t-iarrthóir chuig athbhreithniú inmheánach.)

4. An mbaineann iarratas an athbhreithnithe chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise go hiomlán le hábhar atá sa bhuniarraidh? [Mura mbaineann is cóir na treoracha atá in alt 4.10 go 4.15 ar athbhreithnithe neamhbhailí a leanúint.]

5. An ndearnadh an t-iarratas chuig Oifig an Choimisinéara:

   Iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 9 nó ag alt 29 amháin maidir léi
   - laistigh de choicís den bhreith
   - níos mó ná coicís – is cóir a iarraidh ar iarratasóirí forais a sholáthar maidir le rogha a dhéanamh d'fhonn an t-am a fhadú (féach Seicliosta 2 thíos).

   Iarraidh seachas an iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 9 agus alt 29 maidir leo
   - laistigh de 6 mhí den bhreith
   - níos mó ná 6 mhí tar éis na breithe[is cóir na treoracha in ailt 4.16 go 4.25 ar ghlacadh d'iarratais dheireanacha a leanúint]

6. An bhfuil seasamh ceart ag an iarratasóir?

   - An é an duine an buniarrthóir nó duine atá ag feidhmiú ar a shon/ar a son?

7. An bhfuil athbhreithnithe eile ag an iarratasóir – má tá, ní mór é seo a chur faoi bhráid cheann an aonaid tacaíochta.

8. An bhfuil cúinsí ann chun a mheas go bhfuil an t-iarratas chuig an gCoimisinéir suaibhreosach nó cráiteach? Má tá is cóir an comhad a chur ar aghaidh chuig

ceann an aonaid tacaíochta.

9. An bhfuil an chuma air go mbaineann an t-iarratas chuig an gCoimisinéir le hábhar gur ní é a bhí faoi athbhreithniú nó gur ní é a bheidh faoi athbhreithniú eile? Má tá, is cóir an comhad a chur faoi bhráid cheann an aonaid tacaíochta.

10. Ar íocadh an táille cheart/gan táille dlite/íostarraingte neamhphearsanta/glactha do phearsanta amháin? TÁ [ ] NÍL [ ]
(Aibhsigh cibé acu is cuí)

11. An cás é inar mheas an comhlacht poiblí go raibh alt 26 (1), 27 (1) nó 28 (1) iomchuí ach ag staid ar leith sa phróiseas déanta cinntí gur thángthas ar thuairim gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail trí nochtadh de réir ailt 26(3), 27(3) nó 28(5)?

TÁ [ ] NÍL [ ]

(TABHAIR FAOI DEARA: nuair ba í an bhreith dheiridh diúltú géilleadh ar chúinsí amháin, seachas ailt 26, 27 agus 28, ní breith í ar iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi.

TABHAIR FAOI DEARA: is féidir cás a bheith san áireamh anseo gurb í an bhreith dheiridh diúltú géilleadh – féach Aguisín 3 de Lámhleabhar Oifig an Choimisinéara Faisnéise Alt 16 lena thuilleadh eolais maidir leis seo a fháil.

Más ‘Tá’ freagra na ceiste thuas lean ar aghaidh chuig Seicliosta 2.

Sínithe ag:

Grád:

Dáta:

CUID A DÓ - Táillí dlite faoi IR 264 de 2003

1. An bhfuil faisnéis phearsanta amháin sna taifid ní na hiarrata agus/nó an mbaineann siad le cás lena bhfuil feidhm ag alt 28(6) maidir leis? Faisnéis phearsanta faoi mhionúr, faoi dhuine faoi mhíchumas nó faoi dhuine marbh déanta ag catagóirí áirithe de dhaoine lena n-áirítear tuismitheoir nó caomhnóir (i gcás mionúir nó dhuine faoi mhíchumas) agus ionadaí pearsanta nó neasghaol (i gcás duine marbh) TÁ [ ] NÍL [ ]

2. An mbaineann iarratas an athbhreithnithe leis an iarratas faoi alt 17 amháin (leasú d'fhaisnéis phearsanta) nó alt 18 (cúis na mbreitheanna)? TÁ [ ] NÍL [ ]

3. An mbaineann iarratas an athbhreithnithe amháin le breith táille a ghearradh (lena n-áirítear táille faoi IR 264 de 2003)? TÁ [ ] NÍL [ ]

4. An mbaineann iarratas an athbhreithnithe amháin le cás a bhfuil feidhm ag alt 41 maidir leis .i. "measta" diúltú géilleadh don iarraidh nó don iarratas TÁ [ ] NÍL [ ]

Más TÁ an freagra ar aon cheist acu sin, is féidir go nglacfaí leis an iarratas i gcomhair athbhreithnithe ar an gcoinníoll go bhfuil sé bailí i ngach foras eile.

Más Níl an freagra atá ar gach ceist, tá táille inmhuirir, lean ar aghaidh chuig ceist 5(i) go (iii) chun an táille a mheas.

5. (i) An bhfuil iarratasóir an athbhreithnithe mar thríú páirtí faoi alt 29 (féach Ceist 10 thuas agus Seicliosta 2) ag agóid in aghaidh nochtadh na dtaifead? Má tá is €50 an táille inmhuirir.

(ii) An sealbhóir cárta liachta nó cleithiúnaí gur sealbhóir cárta liachta iarratasóir an athbhreithnithe? (Tabhair faoi deara: murar léir é sin, is féidir a thuilleadh faisnéise a lorg ón iarrthóir).

Má tá, an bhfuil aon fhianaise ann a léireodh go ndearnadh an iarraidh ar son duine eile atá ag iarraidh íocaíocht na táille a sheachaint? Mura bhfuil, is €50 an táille inmhuirir.

(iii) I ngach cás eile is €150 an táille inmhuirir.

Ar íocadh an táille chruinn? TÁ [ ] NÍL [ ]

Más NÍL an freagra agus nár íocadh an táille chruinn, is cóir litir a eisiúint chuig an iarrthóir ag lorg íocaíocht ar an táille agus ní féidir an t-iarratas a ghlacadh go dtí go n-íocfar an táille sin.

Sínithe:	Sínithe:
Grád:	Grád:
Dáta:	Dáta:

SEICLIOSTA 2.

SCAGADH na nIARRATAS – BREITH AR IARRAIDH A BHFUIL FEIDHM AG ALT 29 MAIDIR LÉI

1. An ndearnadh an t-iarratas chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise laistigh de choicís ó d'fhógair an comhlacht poiblí an bhreith?

TÁ [ ] NÍL [ ]

Más NÍL an freagra, is cóir a iarraidh ar an iarratasóir Oifig an Choimisinéara Faisnéise a chur ar an eolas maidir le haon fhoras sainiúil ar cheart don Choimisinéir Faisnéise é a thabhairt san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aici ar cheart glacadh leis an iarratas deireanach seo.

(TABHAIR FAOI DEARA: más ó iarrthóir an t-iarratas maidir le cás a chuaigh faoi athbhreithniú inmheánach (féach 3(b) thíos) ní mór féachaint do na himthosca go léir chun a dhearbhú gur iarraidh í a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi – féach "Cásanna a chuaigh faoi Athbhreithniú Inmheánach", Aguisín 3 de Lámhleabhar Oifig an Choimisinéara Faisnéise alt 16)

2. An duine iomchuí iarratasóir an athbhreithnithe? .i. duine díobh seo a leanas:

- an t-iarrthóir [ ]
- an duine a sholáthair an fhaisnéis (alt 26(1)) [ ]
- an duine lena mbaineann an fhaisnéis (alt 26(1), 27(1) nó 28(1)) [ ]

3. (a) An mbaineann iarratas an athbhreithnithe leis an gcinneadh a tógadh ag staid na breithe tosaí?

TÁ [ ] NÍL [ ]

(b) Más NÍL freagra na ceiste 3(a), is féidir glacadh fós leis an gcás i gcomhair athbhreithnithe

- má bhain an bhreith thosaigh le diúltú do rochtain [ ]

agus

- murar tugadh aon fhógra do thríú páirtí ar bith ag staid na breithe tosaí [ ]

(c) Murar féidir 3(a) nó 3(b) a dheimhniú, is féidir fós glacadh leis an iarratas má rinneadh an t-iarratas laistigh de choicís den bhreith thosaigh.

- an ndearnadh iarratas an athbhreithnithe chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise laistigh de choicís den bhreith thosaigh? [ ]

4. Cé acu de na catagóirí a leanas lena mbaineann breith an chomhlachta phoiblí?

- breith rochtain chuig na taifid a dhiúltú [ ]
- breith rochtain chuig na taifid a ghéilleadh [ ]

5. <u>NB</u> **<u>Más í an bhreith a cinneadh rochtain chuig na taifid a ghéilleadh, deimhnigh anseo go ndearnadh teagmháil láithreach leis an gcomhlacht poiblí, gur tugadh comhairle dó maidir le hiarratas an athbhreithnithe agus gur tugadh comhairle dó maidir le forálacha ailt 44 den Acht.</u>**

[ ]

6. Seiceáil ar thug an comhlacht poiblí fógra don tríú páirtí maidir leis na taifid uile atá mar ní san iarratas chuig an gCoimisinéir Faisnéise? [Más rud é nach raibh na taifid faoi réir nós imeachta an fhógra bíonn feidhm ag an ngnáthmheicníocht athbhreithnithe inmheánaigh i ndáil leis na taifid úd]

Aguisín 2

LEORDHÓTHANACHT AN CHUARDAIGH – TREOIRLÍNTE

Tarlaíonn sé ó am go ham go ndiúltaítear rochtain ar an mbonn nach bhfuil taifid den sórt ann nó nach féidir teacht orthu. Is é cuspóir na dtreoirlínte a leanas:

- ról an Choimisinéara Faisnéise a mhíniú i gcásanna den sórt,
- na bearta a theastaíonn chun athbhreithniú ceart a dhéanamh a leagan amach
- bunús bhreitheanna an Choimisinéara sa réimse seo a mhíniú agus treoir a thabhairt conas mar ba cheart breitheanna den sórt a dhréachtú.

Ní chlúdaíonn na treoirlínte seo ach taifid chruachóipe amháin. Is féidir go n-ardófaí ceisteanna maidir le polasaí an chomhlachta phoiblí ar bhainistíocht faisnéise leictreonaí, lena n-áirítear nithe mar chearta eagarthóra, slándáil sonraí, nósanna imeachta cúltaca, stóráil sheachtrach murar féidir teacht ar thaifead leictreonach.

Ról an Choimisinéara Faisnéise

Caithfear a bheith soiléir ón tús nach é feidhm an Choimisinéara, go hiondúil, taifid a chuardach. Is é ról an Choimisinéara athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith an chomhlachta phoiblí diúltú géilleadh do rochtain ar an gcúinse nach raibh taifead den sórt ann nó nárbh fhéidir teacht ar an taifead tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh chun teacht ar na taifid. Is éard is ciall leis seo, mar aon le haon athbhreithniú eile, nach mór don Choimisinéir féachaint don fhianaise atá ar fáil don déantóir cinntí agus an réasúnaíocht a d'úsáid an déantóir cinntí agus an bhreith á cinneadh aige/aici. Léirítear san fhianaise atá le fáil sna cásanna "cuardaigh" na bearta a glacadh chun na taifid a chuardach chomh maith le fianaise ilghnéitheach eile faoi chleachtais bhainistíocht taifead an chomhlachta phoiblí ar an mbonn ar chinn an déantóir cinntí go raibh na bearta a glacadh chun na taifid a chuardach, réasúnach.

Is é ról an Choimisinéara cinneadh a dhéanamh ar fhéach an déantóir cinntí don fhianaise iomchuí uile agus, má rinne, an raibh an ceart aige/aici sa bhreith a chinn sé/sí nach bhfuil taifead den sórt ann nó nach féidir teacht ar an taifead tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh chun teacht ar an taifead.

Cheadaigh An Breitheamh Quirke tuiscint an Choimisinéara ar a ról i gcásanna den sórt i gcás a bhí san Ard-Chúirt *Matthew Ryan and Kathleen Ryan and the Information Commissioner (2002 No. 18 M.C.A.)* nuair a dúirt sé:

> "I am satisfied also that the respondent's [an Choimisinéara] understanding of his role, as outlined in evidence, was correct in that he was not required to search for records but was required rather to review the decision of the Department and in doing so to have regard to the evidence which was available to the decision-maker and to the reasoning used by the decision-maker in arriving or failing to arrive at a decision."

I gcásanna den sórt ní mór don Choimisinéir:

- an fhianaise a bhí ar fáil don déantóir cinntí a fháil amach,
- a fháil amach ar leor, de réir fhorais an cháis, don déantóir cinntí a bheith ag brath ar an bhfianaise úd nó ar cheart go lorgófaí fianaise bhreise áirithe, agus
- cinneadh a dhéanamh, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil dó/di, go raibh an ceart ag an déantóir cinntí an cinneadh a dhéanamh nach raibh taifid den sórt ann nó nárbh fhéidir teacht orthu tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh chun teacht ar an taifead.

Is cóir a thabhairt faoi deara gur féidir agóid a dhéanamh san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach mar phonc dlí maidir le cinneadh an Choimisinéara cinneadh an chomhlachta phoiblí gur cheart diúltú do rochtain ar an bhforas go bhfuil feidhm ag alt 10(1)(a) maidir leis, a dhearbhascadh. Tá sé ríthábhachtach, sna cúinsí seo, go ndearbhódh imscrúdaitheoirí ar fhéach an déantóir cinntí do gach fianaise iomchuí agus an raibh na conclúidí a bhí bunaithe ar an bhfianaise sin dlisteanach.

Nósanna Imeachta maidir le cásanna "cuardaigh"

Ba chóir míniú a thabhairt do na comhlachtaí poiblí ar ról an Choimisinéara i gcás den sórt agus ar mar a shíltear ceanglais na hOifige a bheith. Is cóir a chur i gcuimhne do chomhlachtaí poiblí, nuair is cuí, go bhfuil cead ag foireann Oifig an Choimisinéara cuairt a thabhairt ar a nOifigí chun nádúr agus fairsinge an chuardaigh a rinneadh a mheas agus/nó a gcleachtais ar bhainistíocht taifead a scrúdú. Is deacair a bheith dearfa faoi na ceanglais seo de bharr, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise a bhí ar fáil ag an déantóir cinntí, go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh go bhfuil a thuilleadh míniúchán de dhíth. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh comhlachtaí poiblí go bhfuil sé mar onus orthusan an Coimisinéir a shásamh gur glacadh gach beart réasúnach agus, mura bhfuil an Coimisinéir sásta, beidh sé/sí ag iarraidh go nglacfaí a thuilleadh beart.

Níor cheart, ag an am céanna, go dtabharfaí le tuiscint do na comhlachtaí poiblí go mbeidh bearta breise de dhíth ar an gCoimisinéir i ngach cás nach féidir teacht ar thaifid nó go leanfaidh an Coimisinéir de bheith ag iarraidh a thuilleadh cuardaigh go dtí go dtagtar ar na taifid. Sin mar go bhfuil sé indéanta – agus tá sé tuigthe go soiléir san Acht – go bhféadfadh go mbeadh taifid den sórt ann ach nach bhféadfaí teacht orthu tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh chun teacht ar na taifid.

De ghnáth beidh ar an gCoimisinéir mar chuid den athbhreithniú i gcásanna den sórt:

(1) Cleachtais bhainistíocht taifead an chomhlachta phoiblí a fháil amach mar go mbaineann siad leis an taifead nó leis na taifid atá i gceist.

Dá bhrí sin is féidir go mbeidh sé riachtanach a bheith ar an eolas faoi nithe mar iad seo a leanas:

- conas agus cén uair a cruthaíodh agus a fuarthas taifid den chineál atá i gceist,

- conas mar a úsáidtear nó a úsáideadh taifid den sórt,
- céard iad na rannóga sa chomhlacht poiblí a rachadh i mbun taifid den sórt,
- cén áit a gcoinnítear nó a gcoinnítí na taifid agus iad in úsáid go gníomhach,
- más rud é gur comhaid "dhíomhaoine" iad (.i. comhaid nach n-úsáidtear a thuilleadh) cé atá freagrach astu,
- má tá clár comhad ann agus má tá, céard a thaispeánann sé,
- cleachtas an chomhlachta phoiblí maidir le scrios na dtaifead.

Is éard atá á lorg anseo ná faisnéis faoi chleachtais bhainistíocht taifead an chomhlachta phoiblí sa mhéid go bhfuil na cleachtais sin iomchuí. Braithfidh an méid sonraí a bheidh de dhíth ar na cineálacha taifead a bheadh á lorg. Ní iondúil go mbíonn cur síos uileghabhálach ar chleachtais bhainistíocht taifead an chomhlachta phoiblí de dhíth agus ní iondúil go mbíonn sé úsáideach.

(2) A fháil amach céard iad na bearta a glacadh chun an taifead (na taifid) a fháil.

Is cóir mionsonrú a thabhairt ar na bearta a ghlac an comhlacht poiblí lena n-áirítear, conas agus cé a rinne agus céard iad na taifid a cuardaíodh, i ndáiríre. Mar shampla, ní leor a fháil amach gur scaipeadh ríomhphost nó meabhrán ginearálta, fiú má d'fhreagair gach duine a fuair é, é. Ní mór a fháil amach céard a rinne na daoine sin a fuair an ríomhphost nó an meabhrán. Cuid den deacracht a bhaineann leis seo ná gur glacadh gach beart réasúnach ach nár choinnigh an comhlacht poiblí taifead beacht ar na bearta. Ní iondúil go dtarlaíonn sé sin, mar shampla, nuair a scaipeann an comhlacht poiblí foirm (ríomhphost nó cóipchrua, de réir mar is cuí), agus go mbíonn sé de dhualgas ar an té a fhaigheann é é a sheoladh ar ais ag deimhniú go bhfuil sé/sí tar éis na réimsí uile atá faoina chúram/faoina cúram a chuardach (ag tabhairt sonraí faoi mar a chuaigh sé/sí i mbun an chuardaigh) agus nach dtángthas ar an gcomhad (na comhaid)/an taifead (na taifid).

(3) Cinneadh a dhéanamh i bhfianaise (1) agus (2) thuas ar ar glacadh gach beart réasúnach.

Bíonn feidhmiú breithe de dhíth agus cinneadh á dhéanamh ar ar glacadh gach beart réasúnach agus is cóir gach cás a mheas de bhua fiúntais. Tagarmharc amháin atá úsáideach is ea a fháil amach céard iad na bearta breise, más ann dóibh, a ghlacfadh an comhlacht poiblí dá mbeadh air an taifead a fháil go práinneach d'oifigeach sinsearach mar Ard-Rúnaí nó Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin.

Tagarmharc úsáideach eile is ea a mheas an ndearnadh cuardach ar láithreacha eile ina mbeadh an taifead coinnithe in ionad áiteanna inar cheart an taifead a bheith coinnithe. An pointe atá á dhéanamh anseo ná gur minic a tharlaíonn sé go gcuirtear comhad sa chomhad mícheart nó san áit mhícheart. Dá bharr seo má dhírigh an comhlacht poiblí a chuardach ar na háiteanna ar cheart do na taifid a bheith ní féidir a rá gur ghlac sé gach beart réasúnach. Baineann an dá shampla seo a leanas le comhaid iomlána, ach is féidir bearta cosúla a chruthú i gcomhair taifid aonaracha, ag brath ar an gcineál taifead atá á chuardach. Tabhair san áireamh go bhféadfaí comhad a chur san áit chontráilte (.i.

curtha san ord mícheart i sraith comhad atá curtha in ord a ainm nó a uimhreach. Is gnáth-tharlúint é comhad a chur san áit chontráilte ach tá teicnící ag coimeádaithe taifead atá cleachtach ar thaifid den sórt a fháil mar shampla nuair a chomhdaítear de réir uimhreach féach ar leath dhosaen comhad gach aon taobh den uimhir, féach ar uimhreacha tras-suite, digit fágtha ar lár agus araile. Is féidir go mbeadh sé riachtanach fianaise a fháil ón gcoimeádaí taifead.

A mheabhrú ar cuireadh an comhad san áit chontráilte (.i. curtha le comhad eile nach mbaineann leis nó comhdaithe sa tsraith iomlán mhícheart). Arís, má tá duine ann a bhfuil freagracht iomlán na gcomhad air beidh a fhios aige faoi na gnáthchúiseanna ina dtéann comhaid "amú" agus b'fhéidir go mbeadh sé ábalta bealaí breise a mholadh chun teacht ar chomhaid den sórt.

B'fhéidir go mbeifí ábalta, murar féidir an comhad a aimsiú nó má tá sé scriosta, an comhad iomlán nó cuid de a chur le chéile arís más ón gcomhlacht poiblí a tháinig ábhar an chomhaid. Braitheann sé ar imthosca an cháis an mbeadh sé sin de dhíth nó úsáideach (ó thaobh an iarrthóra de). Má bhí comhfhreagras le comhlacht poiblí eile b'fhéidir go mbeadh sé indéanta cóipeanna de roinnt de na taifid a fháil nó uimhreacha tagartha a aithint a chuideodh leis an gcuardach.

(4) A mheabhrú ar tógadh na taifid d'aon turas.

Má bhíonn aon amhras ann go ndeachthas i ngar do na taifid d'aon turas, is cóir an cás a chur faoi bhráid an Imscrúdaitheora Shinsearaigh sula ndéantar aon phlé faoi leis an gcomhlacht poiblí. I gcásanna den sórt d'fhéadfadh go molfadh an tImscrúdaitheoir Inmheánach don Choimisinéir a thuilleadh beart a ghlacadh ina thaobh.

(5) Dul i gcomhairle leis an iarrthóir

I roinnt cásanna b'fhéidir gur chuí dul i gcomhairle leis an iarrthóir go luath. Bíonn sé seo i gceist go háirithe nuair a líomhnaítear go bhfuil taifid ann ach go bhfuiltear á gceilt. D'fhéadfaí iarraidh ar an iarrthóir cén fáth go gceapann sé/sí go bhfuil taifid den sórt ann nó cúlra a dhéileála/a déileála leis an gcomhlacht poiblí nó aon fhianaise mar uimhreacha tagartha, dátaí agus araile a chabhródh leis an gcuardach, a thabhairt le fios. Ní mór a mhíniú gurb é cuspóir ceisteanna den sórt cur ar chumas na hOifige an t-ábhar a phlé níos fearr leis an gcomhlacht poiblí.

(6) Bearta breise de dhíth

D'fhéadfaí teacht ar chonclúid, agus na bearta a thugtar ó (1) go (5) thuas glactha, <u>nár</u> ghlac an comhlacht poiblí gach beart réasúnach agus is cóir iarraidh air bearta breise a ghlacadh. Ní mór é sin a chur i gcrích i scríbinn agus is cóir aon fhreagra a bheith i scríbhinn. Is cóir don fhoireann gan a thuilleadh cuardach a iarraidh go dtí go mbeidh na fíricí iomlána ina seilbh acu, a fhaightear ó thorthaí na mbeart ó (1) go (5) thuas.

Is cóir, go hidéalach gurb é toradh na mbeart breise sin go dtiocfaí ar na taifid nó go

dtiocfaí ar an gcinneadh nach féidir na taifid a fháil tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh chun teacht ar an taifead. D'fhéadfadh, uaireanta, go dteastódh dul ar ais chuig an gcomhlacht poiblí an dara huair (dá dtiocfaí ar fhianaise nua le linn chúrsa na gcuardach breise mar shampla). Murar féidir teacht ar an taifead (na taifid), agus an obair ó (1) go (6) thuas a bheith críochnaithe, agus go mbíonn an Oifig sásta gur glacadh gach beart réasúnach, is féidir leis an mball foirne atá ag déileáil leis an iarraidh, sula molann sé/sí breith dheiridh, scríobh chuig an iarrthóir chun na céimeanna a thóg an comhlacht poiblí a mhíniú go sonrach agus cén fáth a meastar gur glacadh gach beart réasúnach. B'fhéidir go mbeadh an bealach seo iomchuí dá measfadh an ball foirne aon dóchas a bheith ann go n-aontódh an t-iarrthóir an cás a shocrú ar an mbonn, mar shampla, go ndearnadh cuardach níos déine nó go raibh fianaise ann nach raibh an taifead (na taifid) ann.

Fágtar faoin Imscrúdaitheoir é, an nglactar na bearta a shonraítear ag (1) go (3) thuas i scríbhinn nó trí chasadh le hoifigigh an chomhlachta phoiblí i ngach cás. Ní mór, áfach, d'Imscrúdaitheoirí a chinntiú go bhfaightear deimhniú scríofa ón gcomhlacht poiblí faoi na bearta a glacadh agus faoi aon fhíric iomchuí a cuireadh faoina mbráid sula molann siad breith don Choimisinéir.

Cinntí á ndréachtú

Ceadaíonn Alt 10 (1)(a) do ghéilleadh do dhiúltú mura bhfuil an taifead lena mbaineann ann nó murar féidir teacht air tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh chun teacht ar an taifead. Ní iondúil go dtiocfaidh an Coimisinéir ar chinneadh ilchodach nach bhfuil taifead ann nó nach féidir teacht air. I roinnt cásanna b'fhéidir go gcinnfeadh sé/sí nach bhfuil taifead ann ach ní mór fianaise dhíreach dhosháraithe a bheith mar thaca lena chinneadh. Mar shampla is féidir go mbeadh taifead ann uair éigin ach d'fhéadfadh an comhlacht a éileamh go bhfuil sé scriosta. Ghlacfaí le nóta comhaimseartha leis na taifid áirithe sin, ina raibh an taifead iarrtha mar chuid, a insíonn gur scriosadh iad mar fhianaise.

Más rud é go bhfuil fianaise ann go raibh taifead ann uair éigin ach nach féidir teacht air san am i láthair agus nach n-éilíonn an comhlacht poiblí gur scriosadh é agus nach soláthraíonn sé aon fhianaise gur scriosadh é, bíonn cur chuige difriúil de dhíth. I gcás den sórt is é an cinneadh gur gá a dhéanamh nach féidir an taifead a fháil. Nuair is comhad áirithe inaitheanta a bhíonn i gceist is gá aghaidh a thabhairt ar ábhar an chomhaid áirithe sin. Ag brath, áfach, ar imthosca an cháis, má chinntear nach féidir teacht ar aon taifead ar bith eile d'fhéadfadh go ndéanfadh sé sin cúis.

Aguisín 3

IARRATAÍ LENA BHFUIL FEIDHM AG ALT 29 MAIDIR LEO – TREOIRLÍNTE

Cúlra

Is é cuspóir an nóta seo treoir a thabhairt d'fhoireann na hOifige conas déileáil le hiarratais athbhreithnithe agus iarrataí san áireamh a bhfuil feidhm ag alt 29 den Acht maidir leo.

Is ceanglas fógra reachtúil é Alt 29 atá ceangailteach ar chomhlachtaí poiblí maidir leis na díolúintí atá in alt 26 (faisnéis a fuarthas faoi rún), alt 27 (faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de) agus alt 28 (faisnéis phearsanta faoi thríú páirtí). I ngach ceann de na cásanna seo is féidir le comhlacht poiblí géilleadh d'iarraidh má mheastar gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail trí ghéilleadh don iarraidh ná trí dhiúltú géilleadh di. Tá sé sainráite ag an Acht, i leith ábhar atá díolmhaithe (ach amháin nuair a chuirtear leas an phobail san áireamh) agus go bhfuil sé beartaithe an t-ábhar sin a scaoileadh, go dtagann sé seo faoi réir fhorálacha ailt 29. Ceanglaíonn an t-alt sin ar an gcomhlacht poiblí aon tríú páirtí áirithe a chur ar an eolas go moltar géilleadh don iarraidh ar leas an phobail agus go ndéanfaidh an comhlacht poiblí aon aighneacht ón tríú páirtí a mheas sula dtiocfaidh sé ar chinneadh géilleadh don iarraidh nó diúltú géilleadh di.

Céard is brí le hiarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi?

Sainmhínítear an téarma "iarraidh a bhfuil feidhm ag Alt 29 maidir léi" in alt 2(1) mar "iarraidh faoi alt 7 a bhfuil feidhm ag alt 26(3), 27(3) nó 28(5) maidir léi agus a ngéillfí di, ar leith ó Alt 29 ". Tóg alt 26(3) mar shampla, is éard is brí le hiarraidh den sórt ná gur chinn an comhlacht poiblí, ag staid ar leith den phróiseas déanta cinnte (faoi réir thuairimí an pháirtí a thug an fhaisnéis don chomhlacht poiblí agus/nó páirtí lena mbaineann an fhaisnéis a fháil, agus faoina réir sin amháin) gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail, tríd is tríd, géilleadh don iarraidh seachas diúltú géilleadh di.

Athbhreithniú an Choimisinéara ar bhreitheanna ar iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi

Forálann alt 34(1)(f) den Acht gur ceann de chatagóirí na mbreitheanna gur féidir leis an gCoimisinéir athbhreithniú a dhéanamh orthu ar iarratas ó dhuine iomchuí í an "bhreith maidir le hiarraidh a bhfuil feidhm ag Alt 29 maidir léi ". Forálann alt 34(4)(a), go ginearálta, nach mór aon iarratas ar athbhreithniú den sórt a dhéanamh "tráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis fógra maidir leis an mbreith a thabhairt don duine iomchuí lena mbaineann". Dá réir sin tá dhá cheanglas ann atá le comhlíonadh sula ndéanann an Coimisinéir athbhreithniú ar bhreith ar iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi. An chéad cheann is ea gur duine iomchuí a chaithfidh an t-iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh (féach thíos). An dara ceann is ea go gcaithfear an t-iarratas a dhéanamh laistigh den teorainn ama, sé sin laistigh de choicís. *(Is féidir leis an gCoimisinéir an*

teorainn ama coicíse a fhadú má bhíonn sé/sí den tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann lena dhéanamh. I measc na bhforas gur féidir iad a mheas mar fhorais réasúnacha i roinnt cásanna tá ócáidí force majeure mar shampla – tinneas fadálach nó neamhláithreachas ón mbaile, ach déanfaidh an Coimisinéir cinneadh ar gach cás de bhua a fhiúntais agus ní féidir sraith chuimsitheach d'fhorais a mheasfaí a bheith réasúnach a leagan síos roimh ré).

Is é an t-iarrthóir an té dá dtugtar an sainmhíniú "duine iomchuí" in alt 34 (15) agus, más breith í i leith iarrata a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi, duine a bhfuil feidhm ag alt 29(2) maidir leis nó léi.

Bíonn feidhm ag alt 29 (2) maidir le:

- duine a thug an fhaisnéis don chomhlacht poiblí agus, má chinneann an comhlacht poiblí é a bheith cuí, an duine lena mbaineann an fhaisnéis, más rud é gur iarraidh í a bhfuil feidhm ag alt 26(3) maidir léi, agus

- an duine lena mbaineann an fhaisnéis, más rud é gur iarraidh í a bhfuil feidhm ag alt 27(3) nó 28(5) maidir léi.

Breitheanna inar comhlíonadh ceanglais iomlána ailt 29

Is léir ó alt 14(1)(a) nár chóir do chomhlacht poiblí athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar bhreith thosaigh (.i. breith faoi alt 8 den Acht) maidir le diúltú géilleadh go hiomlán nó go páirteach d'iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi, faoin alt sin (féach an rannóg thíos faoin teideal 'Cásanna a cuireadh ar aghaidh chuig athbhreithniú inmheánach').

Má chuir an comhlacht poiblí, agus an bhreith tosaigh á tabhairt, forálacha ailt 29 i bhfeidhm go ceart ansin tá trí thoradh ann a d'fhéadfadh a bheith léi. Is féidir le haon ceann de na torthaí seo tarlú agus iarratas á dhéanamh chuig an gCoimisinéir.

An Chéad Toradh (diúltú géilleadh don iarraidh ar chúinsí leasa phoiblí)

Is diúltú géilleadh don iarraidh ar an gcúinse, inter alia, go raibh na taifid díolmhaithe faoi alt 26, alt 27 nó alt 28 agus nach fearr a dhéanfaí leas an phobail dá ngéillfí don iarraidh seachas dá ndiúltófaí géilleadh di an chéad toradh a d'fhéadfadh a bheith ar an mbreith thosaigh. Is éard a bheadh tarlaithe i gcás den sórt sin gur chinn an comhlacht poiblí ar dtús go raibh na taifid díolmhaithe faoi alt 26, alt 27 nó alt 28, ach, ar an meán, gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail dá nochtófaí iad; tar éis fógra a thabhairt do pháirtí éigin faoi alt 29(2), tháinig an comhlacht poiblí ar athrú intinne.

I gcásanna den sórt ní bhíonn aon cheart ag an iarrthóir ar athbhreithniú inmheánach faoi alt 14 den Acht. Mura mbíonn an t-iarrthóir sásta leis an mbreith ní mór iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú chuig an gCoimisinéir Faisnéise laistigh den teorainn ama .i. coicís. Mar a tugadh faoi deara níos luaithe is féidir leis an gCoimisinéir an teorainn ama

coicíse a fhadú má bhíonn sé/sí den tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann lena dhéanamh. (Féach míreanna 4.16, 4.17, 4.22 agus 4.23).

Ó tharla gurbh í an bhreith a rinneadh diúltú géilleadh do rochtain, d'fhéadfadh go mbeifí ag súil leis nach mbeadh aon pháirtí a ndeachaigh an comhlacht poiblí i gcomhairle leis faoi alt 29 ag iarraidh go ndéanfadh an Coimisinéir athbhreithniú ar an mbreith. Más rud é, áfach, go ndéanann an t-iarrthóir iarratas go ndéanfadh an Coimisinéir athbhreithniú, ní mór plé leis na páirtithe a ndeachthas i gcomhairle leo faoi alt 29 mar dhaoine iomchuí chun críocha ailt 34(15) agus ní mór iad a chur ar an eolas faoi athbhreithniú de réir ailt 34(6).

Maidir le hiarratais a bhfuil feidhm ag alt 26 maidir leo, d'fhéadfadh sé tarlú nach ndeachaigh an comhlacht poiblí i gcomhairle le duine lena mbaineann an fhaisnéis (tá rogha aige gan dul i gcomhairle). Níor chóir plé le daoine den sórt mar dhaoine iomchuí chun críocha ailt 34. Is páirtithe iad, áfach, ar féidir difear a dhéanamh dóibh agus is gá na treoirlínte i míreanna 5.8 go 5.15 a leanúint agus cinneadh á dhéanamh ar cheart iad a chur ar an eolas faoin athbhreithniú nó nár cheart.

An Dara Toradh (diúltú géilleadh don iarraidh faoi dhíolúintí eile)

Is é an dara toradh a d'fhéadfadh tarlú go dtabharfaí breith diúltú géilleadh don iarraidh ar fhorais seachas alt 26, 27 nó 28. Tharlódh sé sin, má tharla sé ag staid eile tar éis dó an próiseas fógra atá mar cheangal faoi alt 29 a thosú, gur chinn an comhlacht poiblí go raibh feidhm ag díolúine eile (is cuma an raibh feidhm ag alt 26, 27 nó 28 freisin). Ní breith í sin ar bhreith ar iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi. Cé gur fíor a rá, sa chás seo, gur chinn an comhlacht poiblí (faoi réir thuairimí an pháirtí a thug an fhaisnéis don chomhlacht poiblí agus/nó páirtí lena mbaineann an fhaisnéis, a fháil agus faoina réir sin amháin) gurbh fhearr, tríd is tríd, a dhéanfaí leas an phobail géilleadh don iarraidh seachas diúltú géilleadh don iarraidh, ní breith í breith den sórt sin ar iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi. Sin mar nach féidir a rá, ar leith ó alt 29, go ngéillfí don iarraidh.

Níor chóir don Choimisinéir Faisnéise glacadh le hathbhreithniú a dhéanamh ar bhreith den sórt, má rinneadh ag an tús í. Is cóir, ina áit sin comhairle a chur ar an iarrthóir athbhreithniú inmheánach a lorg.

An Tríú Toradh (géilleadh don iarraidh ar leas an phobail / géilleadh don iarraidh mar nach bhfuil aon díolúine i bhfeidhm)

An tríú toradh a d'fhéadfadh tarlú breith a thabhairt géilleadh don iarraidh. Go hiondúil is éard a bhíonn mar bhunús do bhreith den sórt sin go gcáilíonn an taifead do dhíolúine faoi alt 26 (1), 27(1) nó 28(1), ach gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail trína nochtadh. D'fhéadfadh sé tarlú freisin, áfach, le linn nós imeachta d'fhógra ailt 29, go ndéanfadh an comhlacht poiblí athmhachnamh ar an ábhar agus go gcinnfeadh sé nach gcáilíonn an taifead do dhíolúine. Cibé cás é is breith í an bhreith ar iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29

maidir léi. Is féidir le haon pháirtí a ndeachaigh an comhlacht poiblí i gcomhairle leis iarratas ar athbhreithniú ar an mbreith a dhéanamh chuig an gCoimisinéir laistigh den teorainn ama .i. coicís. I gcásanna den sórt ní mór plé leis an iarrthóir mar dhuine iomchuí agus ní mór é a chur ar an eolas de réir ailt 34(6).

D'fhéadfadh sé tarlú, maidir le hiarrataí a bhfuil feidhm ag alt 26 maidir leo, mar aon leis an gcéad toradh, nach ndeachaigh an comhlacht poiblí i gcomhairle leis an duine lena mbaineann an fhaisnéis (tá rogha aige gan dul i gcomhairle). Níor chóir plé le daoine den sórt mar dhaoine iomchuí chun críocha ailt 34. Is páirtithe iad, áfach, ar féidir difear a dhéanamh dóibh agus is gá na treoirlínte i míreanna 5.8 go 5.15 a leanúint agus cinneadh á dhéanamh ar cheart iad a chur ar an eolas faoin athbhreithniú nó nár cheart.

D'fhéadfadh sé tarlú freisin go ndéanfadh iarrthóir iarratas ar an gCoimisinéir Faisnéise maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh géilleadh do rochtain mar nár aontaigh sé/sí le réasúnaíocht chomhlachta phoiblí. D'fhéadfadh, mar shampla, go roghnódh an comhlacht poiblí go bhfuil feidhm ag alt 26(1)(a) maidir leis ach gur cheart géilleadh do rochtain mar go ndéanfaí leas an phobail. B'fhéidir nach n-aontódh an t-iarrthóir go raibh feidhm ag alt 26(1)(a) maidir leis. Ní iondúil go nglacann an Coimisinéir Faisnéise le hiarratais den sórt sin ó tharla nach bhfuil aon agóid idir an t-iarrthóir agus an comhlacht poiblí maidir le ceart rochtana. Má ghlactar le hiarratas ar athbhreithniú ó thríú páirtí, ní mór an t-iarrthóir a chur ar an eolas faoi alt 34(6) agus ní mór a insint dó go ndéanfar cinneadh maidir le haon aighneachtaí faoi fhorais na breithe le linn chúrsa an athbhreithnithe sin.

Cásanna inár leanadh d'fhorálacha an Achta

Beidh cásanna ann gurb í an bhreith thosaigh (.i. an bhreith faoi alt 8) géilleadh don rochtain ar thaifid a mheastar a bheith díolmhaithe faoi alt 26(1), 27(1) nó 28(1) chun go ndéanfaí leas an phobail ach go mbíonn an comhairliúchán airbheartaithe faoi alt 29 easnamhach ar bhealach éigin. Mar shampla níor sroicheadh na teorainneacha ama mar atá in alt 29 nó b'fhéidir nár míníodh i gceart an bunús comhairliúcháin do thríú páirtí ar bith. Is í an phríomhimní, de réir na bprionsabal a tugadh thuas, ar chinn an comhlacht poiblí, ag staid éigin den phróiseas déanta cinntí (faoi réir thuairimí an pháirtí a thug an fhaisnéis don chomhlacht poiblí agus/nó páirtí lena mbaineann an fhaisnéis, a fháil agus faoina réir sin amháin) gurbh fhearr, tríd is tríd, a dhéanfaí leas an phobail géilleadh don iarraidh seachas diúltú géilleadh di.

Go hiondúil níor cheart go lorgódh Imscrúdaitheoirí dul ar gcúl fógra airbheartaithe d'alt 29. Más rud é, áfach, go léiríonn an fhianaise go soiléir go raibh cinneadh déanta ag an gcomhlacht poiblí roimh fhógra d'alt 29 go raibh díolúine éigin (seachas alt 26, 27 nó 28) i bhfeidhm ar an taifead nó gur tháinig sé ar an gcinneadh nárbh é leas an phobail a dhéanfaí, tríd is tríd, lena nochtadh ansin níor chóir plé leis an iarraidh mar iarraidh a mbeadh feidhm ag alt 29 maidir léi.

Comhairliúchán taobh amuigh d'alt 29

I roinnt cásanna d'fhéadfadh go ndeachaigh an comhlacht poiblí i dteagmháil le tríú páirtí

“go neamhfhoirmiúil”, mar shampla, agus é mar aidhm aige cead an pháirtí lena mbaineann a lorg nó é mar aidhm aige fógra a thabhairt don pháirtí go raibh faisnéis fúthu le nochtadh. Má léiríonn an fhianaise go soiléir gur don chúis sin a rinneadh an comhairliúchán a rinneadh ansin ní mór diúltú géilleadh d’aon iarratas ó agóideoir tríú páirtí.

Ní bhíonn sé éasca i gcónaí, de bhun cleachtais, a fháil amach cén fáth a ndeachthas i mbun comhairliúcháin agus b’fhéidir fiú agus léamh á thabhairt ar an gcomhfhreagras, nach dtiocfaí ar réiteach ach is cóir na treoirlínte seo a leanas a leanúint. Má chinneann déantóir cinntí an taifead a nochtadh agus go mbunaíonn sé an bhreith sin ar fhorálacha ailt 26(3), 27(3) agus 28(5) ansin, gan a mhalairt eile d’fhianaise a bheith ann, is féidir a cheapadh gur tháinig an déantóir cinntí ar an gcinneadh seo roimh aon chomhairliúchán agus, dá bharr sin, gur breith í an bhreith ar iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi. I gcásanna nuair nach léir réasúnú na breithe ón litir bhreithe, is cóir a iarraidh ar an gcomhlacht poiblí a lua an raibh an bhreith bunaithe ar fhorálacha d’alt 26(3), 27(3) nó 28(5) nó nach raibh.

Cásanna a cuireadh ar aghaidh chuig athbhreithniú inmheánach

Mar a luadh thuas, is léir ó alt 14(1)(a) nár chóir go ndéanfadh comhlacht poiblí athbhreithniú inmheánach, ar bhreith thosaigh a tugadh chun diúltú géilleadh, go hiomlán nó go páirteach, d’iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi faoin alt sin. Tagraítear do chásanna inar ghlac an comhlacht poiblí go mícheart le breitheanna i gcomhair athbhreithnithe inmheánaigh níos deireanaí sa nóta seo.

Is féidir leis tarlú, agus breith thosaigh á déanamh aige, nach gcinneann an comhlacht poiblí go bhfuil feidhm ag alt 26(3), 27(3) ná 28(5) agus, dá bhrí sin, nach dtéann sé i gcomhairle le haon tríú páirtí faoi alt 29. I gcás den sórt, d’fhéadfadh go dtiocfadh athbhreithniú inmheánach as diúltú géilleadh don iarraidh. D’fhéadfadh go gcinnfeadh an t-athbhreithneoir inmheánach go bhfuil feidhm ag alt 26,27 nó 28 maidir léi ach gur cheart géilleadh don rochtain chun leas an phobail a dhéanamh. I gcás den sórt, níl comhairliúchán foirmiúil i gceist faoi alt 29 den Acht. Is féidir le comhlacht poiblí, de bhun cleachtais, dul i mbun comhairliúcháin neamhfhoirmiúil ag an staid seo.

Má chinneann, tar éis comhairliúcháin den sórt, an comhlacht poiblí géilleadh do rochtain, is féidir go bhfaigheadh an Coimisinéir iarratas, ó thríú páirtí a ndeachthas i gcomhairle leis, ag iarraidh athbhreithniú a dhéanamh ar an mbreith. Braitheann glacadh le hiarratas den sórt ar na cúiseanna a ndearna an comhlacht poiblí an comhairliúchán. Má rinneadh an comhairliúchán mar gheall gur chinn an t-athbhreithneoir inmheánach go raibh an taifead díolmhaithe seachas sin ach go raibh ceangal air é a nochtadh faoi réir fhorálacha ailt 26(3), 27(3) nó 28(5) ansin is breith í an bhreith ar iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi agus is féidir glacadh leis an iarratas. Ar an láimh eile, má rinneadh an comhairliúchán ar aon chúis eile, mar shampla, agus é mar aidhm cead an pháirtí lena mbaineann a lorg nó é mar aidhm aige fógra a thabhairt don pháirtí go raibh faisnéis fúthu le nochtadh, ní mór diúltú géilleadh d’aon iarratas ó agóideoir tríú páirtí.

Ní bhíonn sé éasca i gcónaí, de bhun cleachtais, a fháil amach cén fáth a ndeachthas i mbun comhairliúcháin agus b'fhéidir fiú agus léamh á thabhairt ar an gcomhfhreagras, nach dtiocfaí ar réiteach ach is cóir na treoirlínte seo a leanas a leanúint. Má chinneann déantóir cinntí an taifead a nochtadh agus go mbunaíonn sé an bhreith sin ar fhorálacha ailt 26(3), 27(3) agus 28(5) ansin, gan a mhalairt eile d'fhianaise a bheith ann, is féidir a cheapadh gur tháinig an déantóir cinntí ar an gcinneadh seo roimh aon chomhairliúchán agus, dá bharr sin, gur breith í an bhreith ar iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi. I gcásanna nuair nach léir réasúnaíochta na breithe ón litir bhreithe, is cóir iarraidh ar an gcomhlacht poiblí a lua an raibh an bhreith bunaithe ar fhorálacha d'alt 26(3), 27(3) nó 28(5) nó nach raibh.

Má chinneann an t-athbhreithneoir inmheánach diúltú géilleadh don iarraidh ní mór féachaint don teorainn ama chun iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisinéir Faisnéise mar atá luaite i litir bhreithe an déantóra cinntí. Má chuirtear an t-iarrthóir ar an eolas gur coicís an teorainn ama, gan a mhalairt eile d'fhianaise a bheith ann, is cóir a cheapadh gur breith í an bhreith ar iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi. Ar an láimh eile, má thugann an litir bhreithe le fios don iarrthóir gur sé mhí an teorainn ama chun iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisinéir Faisnéise, gan aon mhalairt eile d'fhianaise a bheith ann, is cóir a cheapadh nach breith í an bhreith ar iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi.

Cásanna ar glacadh go mícheart i gcomhair athbhreithnithe inmheánaigh

Mar a luadh thuas, níor chóir go ndéanfadh comhlacht poiblí athbhreithniú inmheánach faoi alt 14 ar bhreith thosaigh géilleadh diúltú, go hiomlán nó go páirteach, d'iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir léi. Is féidir leis tarlú, áfach, i gcásanna den sórt, go gceadaítear athbhreithniú inmheánach don iarrthóir, in earráid, in áit é a chur faoi bhráid an Choimisinéara Faisnéise. Go hiondúil ní thiocfaidh ábhar den sórt seo os comhair na hOifige seo ach amháin má dhéanann iarrthóir iarratas ar athbhreithniú ar bhreith an athbhreithnithe inmheánaigh. Más rud é, rud nach samhlaítear, go ndéantar an t-iarratas laistigh de choicís den bhunbhreith, is féidir glacadh leis mar iarratas ar athbhreithniú ar an mbunbhreith. Nuair a dhéantar an t-iarratas lasmuigh den tréimhse sin d'fhéadfaí diúltú géilleadh dó mar i gcásanna den sórt, ní breith faoi alt 14 í breith an athbhreithnithe inmheánaigh. Sna cúinsí seo, áfach, de ghnáth déanfaidh an Coimisinéir a rogha glacadh le hiarratais "dheireanacha" den sórt sin.

Iarraidh lena mbaineann taifid a bhfuil feidhm ag alt 29 maidir leo agus taifid eile "neamhalt 29"

Baineann níos mó ná taifead amháin le formhór na n-iarrataí. Beidh cásanna ann ina mbeidh faisnéis a bhaineann le tríú páirtí i gcuid de na taifid agus beidh siad faoi réir chomhairliúcháin ailt 29, cé nach mbeidh aon fhaisnéis i dtaifid eile laistigh de scóip na hiarrata a mbeidh feidhm ag alt 26, 27 agus 28 maidir leo. D'fhéadfadh an comhlacht poiblí, áfach, cinneadh a dhéanamh go bhfuil na taifid dheireanacha sin díolmhaithe faoi alt (ailt) eile den Acht um S F. I gcásanna den sórt ní mór comhairle a chur ar an iarrthóir go bhfuil sé de cheart aige athbhreithniú inmheánach a fháil ar na taifid dheireanacha sin. D'fhéadfadh sé tarlú dá bhrí sin go ndéanfaí breith an chomhlachta phoiblí ar thaifid "ailt

29” a aisghairm go díreach chuig an Oifig seo laistigh de choicís cé go ndéanfaí na taifid dhíolmhaithe atá fágtha a aisghairm chuig an Oifig seo laistigh de shé mhí den bhreith ar an athbhreithniú inmheánach.

Aguisín 4

FOIRM IARRATAIS D'ACHOMHARC CHUIG OIFIG AN CHOIMISINÉARA FAISNÉISE FAOI ALT 34 (2) DE NA hACHTANNA UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 1997 AGUS 2003

Seol an fhoirm agus í líonta ar ais chuig:
Oifig an Choimisinéara Faisnéise, 18 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.

Ainm: _____

Seoladh:_____
_____
Uimhir Theileafóin: _____ Ríomhphost :_____
Ainm an chomhlachta phoiblí ar cuireadh an bhuniarraidh um Shaoráil Faisnéise chuige:
_____
Uimhir thagartha chás an chomhlachta phoiblí más ann di: _____
Mionsonraí maidir leis an iarraidh um SF a cuireadh faoi bhráid an chomhlachta phoiblí:
_____
_____
_____
Ar iarr tú athbhreithniú inmheánach ar an mbunbhreith a thug an comhlacht poiblí?_____

Má d'iarr, ar eisíodh breith ón gcomhlacht poiblí chugatsa maidir leis an iarraidh a rinne tú ar athbhreithniú inmheánach? _____

*Tá táille: € 50_____ € 150_____ leis seo. Níl aon táille i gceist _____

Sínithe : _____ Dáta : _____

***Táillí**
I gcásanna áirithe is gá táille a íoc nuair a dhéantar iarratas ar athbhreithniú chuig an gCoimisinéir Faisnéise. Sá chás nach n-íoctar táille, gur gá í a íoc, tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisinéir diúltú glacadh leis an iarratas agus meastar gur iarratas nach ndearnadh an t-iarratas. Tá a thuilleadh eolais faoi na táillí atá iníoctha sa bhileog atá leis seo.

Aguisín 5

Oifig an Choimisinéara Faisnéise

SOCRUITHE IDIRCHAIDRIMH LE COMHLACHTAÍ POIBLÍ CHUN CRÍOCHA NA N-ACHTANNA UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 1997 AGUS 2003

Réamhrá

Is é cuspóir na cáipéise seo an sórt socruithe idirchaidrimh, a bheidh i ngníomh ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus í ag déileáil le comhlachtaí poiblí atá faoi réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, a leagan síos go ginearálta. D'fhéadfadh go dtiocfadh an Oifig ar shocruithe aonaracha le comhlachtaí aonaracha ach beidh siad sin i gcónaí i gcomhthéacs na socruithe leathana a ndéantar cur síos orthu anseo thíos.

Ról an Choimisinéara Faisnéise

Bronnann na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 (Na hAchtanna um SF) an chumhacht ar an gCoimisinéir Faisnéise (an Coimisinéir) athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna a dhéanann na comhlachtaí poiblí faoi na hAchtanna. Tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisinéir freisin a bheith i mbun athbhreithnithe ar ghníomhú an Achta, go ginearálta agus i ndáil le comhlachtaí poiblí aonaracha. Sa chomhthéacs seo féadfaidh an Coimisinéir, imscrúdú a dhéanamh ar chleachtais agus ar nósanna imeachta aon chomhlachta phoiblí ar leith ar bith. Ina theannta sin tá páirt le plé ag an gCoimisinéir maidir le comhlachtaí poiblí a spreagadh i dtreo breis oscailteachta agus i dtreo faisnéis a nochtadh go deonach lasmuigh de cheanglais dhochta na nAchtanna um SF. Nuair a dhéanann an Coimisinéir athbhreithniú ar bhreith chomhlachta phoiblí, a tugadh faoi na hAchtanna, féadfaidh sí an bhunbhreith a dhaingniú, a athrú nó a neamhniú. Ceanglaítear breith an Choimisinéara ar na páirtithe go léir. Nuair is cuí sin, sonróidh sé an tréimhse inar chóir breith an Choimisinéara a bheith curtha i ngníomh. Beifear ag súil go gcinnteoidh an t-oifigeach idirchaidrimh go gcuirfear an bhreith i ngníomh le linn na tréimhse sonraithe.

Ó tharla go mbaineann teorainneacha ama le gach breith um SF, agus breitheanna an Choimisinéara san áireamh, is ríthábhachtach go seoltar gach teagmháil idir an Coimisinéir agus na comhlachtaí atá faoi réir na nAchtanna um SF go héifeachtach agus go tapa. Chuige sin tá fíorghá le socruithe soiléire idirchaidrimh a bheith leagtha síos chun cumarsáid éifeachtach idir an Coimisinéir agus na comhlachtaí, atá faoi réir na nAchtanna um SF, a chinntiú.

Socruithe Idirchaidrimh

Bunghné sa socrú idirchaidrimh is ea go gceapfadh gach comhlacht poiblí iomchuí, ball foirne a d'fheidhmeodh mar oifigeach idirchaidrimh sna déileálacha uile le hOifig an Choimisinéara. Tá na breathnúcháin seo a leanas ag gabháil le ceapachán agus le

ról an oifigigh idirchaidrimh:

Feidhmeanna an Oifigigh Idirchaidrimh

Is iad seo príomhfheidhmeanna an oifigigh idirchaidrimh i ndáil le hOifig an Choimisinéara Faisnéise:

- gníomhú mar phointe tosaigh teagmhála i ngach idirbheart / athbhreithnithe / imscrúduithe / idirghabhálacha / foilseachán faisnéise idir Oifig an Choimisinéara agus an comhlacht;

- a chinntiú go dtreoraítear aon fhiosrúchán i scríbhinn nó ó bhéal ó Oifig an Choimisinéara ar an bpointe chuig an duine iomchuí sa chomhlacht dá aire;

- a chinntiú go gcloítear leis na teorainneacha ama go léir a ghabhann le hiarrataí ar fhaisnéis ó Oifig an Choimisinéara;

- a chinntiú go mbíonn fáil go héasca ar na comhaid iomchuí agus na doiciméid go léir lena n-imscrúdú nuair a iarrann Oifig an Choimisinéara sin;

- a chinntiú go mbíonn áiseanna feiliúnacha ar fáil d'fhoireann an Choimisinéara nuair a thugann siad cuairt ar an gcomhlacht;

- a chinntiú go dtéitear i mbun aon ghnímh is gá chun breitheanna an Choimisinéara a chur i ngníomh;

- a chinntiú, nuair is iomchuí sin, go gcuirtear na tuarascálacha a éilítear faoi alt 20(1A)(d) (deimhnithe eisithe ag Ard-Rúnaí na Ranna Stáit a bhaineann leis an bpróiseas díospóireachta eisithe ag Ard-Rúnaí na Ranna Stáit), alt 25(11), (a shonraíonn na deimhnithe eisithe ag Aire), alt 32(4) (i ndáil le forálacha rúndachta in achtacháin) nó, nuair is cuí alt 19(4) (a bhaineann le hArd-Rúnaí an Rialtais) ar fáil don Choimisinéir laistigh den amscála cuí.

Ainmniúchán an Oifigigh Idirchaidrimh

Agus oifigeach á ainmniú i gcomhair dualgais idirchaidrimh ba chóir féachaint do na feidhmeanna thuas, agus do na gnéithe seo a leanas chomh maith:-

- ba chóir go mbeadh an t-oifigeach idirchaidrimh a cheapfadh an comhlacht ag grád sinsearach iomchuí d'fhonn freastal ar an riachtanas teacht a bheith go héasca aige ar cheann an chomhlachta;

- ba chóir go mbeadh sinsearacht an ainmní i gcruth is go n-éascófaí próiseáil na n-iarrataí ar fhaisnéis go tapa agus go héifeachtach laistigh sa chomhlacht. Ba chóir leordhóthain acmhainní a bheith san Aonad um SF i ndáil leis seo

- ba chóir go mbeadh sinsearacht an ainmní i gcruth is go n-éascófaí aon iarracht ón gCoimisinéir chun teacht ar réiteach idir na páirtithe, agus

- an riachtanas é/í a bheith ar fáil go héasca d'fhoireann an Choimisinéara.

Athbhreithnithe an Choimisinéara

Mar a fhoráltar dó in alt 37(6) den Acht, socraíonn an Coimisinéir na nósanna imeachta sin do sheoladh athbhreithnithe (agus imscrúduithe) is a chinneann sí a bheith cuí agus is féidir go mbeidh siad seo chomh neamhfhoirmiúil is is féidir é ach é a bheith i gcomhréir le comhlíonadh cuí fheidhmeanna an Choimisinéara. Féachfaidh an Coimisinéir i gcónaí do riachtanais an chomhlachta ar leith sin agus breith á tabhairt faoi nósanna imeachta aon cháis ar leith.

Ar iarratas ar athbhreithniú a bheith faighte agus an Coimisinéir a bheith sásta gur cás é an cás sin gur chóir, mar a sheasann sé, cinneadh a dhéanamh maidir leis, déanfar teagmháil le hoifigeach idirchaidrimh an chomhlachta. Ba chóir don oifigeach idirchaidrimh na feidhmeannaigh a rinne na breitheanna agus athbhreithnithe tosaigh a chur ar an eolas go bhfuarthas iarratas ar athbhreithniú.

Ba chóir go gcinnteodh an t-oifigeach idirchaidrimh nach rachfaí i mbun aon ghnímh a dhéanfadh dochar don athbhreithniú, m.sh. faisnéis a nochtadh nuair a éilíonn tríú páirtí athbhreithniú ar an mbreith an fhaisnéis sin a nochtadh, scrios nó fáil réidh le taifid iomchuí.

Má chuireann an t-oifigeach idirchaidrimh in iúl nach ndeachaigh an iarraidh trí phróiseas an athbhreithnithe inmheánaigh, ansin beidh a dhearbhú sin i scríbhinn riachtanach chomh maith le cóip den bhuniarraidh agus le breith thosaigh an chomhlachta phoiblí.

Is é atá in intinn an Choimisinéara, chomh fada is is féidir é, go gcinnfidh sí na cásanna d'athbhreithniú seo laistigh den amscála de cheithre mhí atá leagtha síos ag an Oireachtas. Beidh dlúthchomhoibriú ó chomhlachtaí poiblí riachtanach chun an aidhm seo a chur i gcrích. Tá trí réimse ar leith ann ina mbíonn géarghá le comhoibriú tapa ó na comhlachtaí poiblí, .i. (1) soláthar an doiciméadaithe ar an iarratas um SF féin, (2) soláthar na dtaifead ní na hiarrata agus (3) soláthar ráitis chearta maidir le cúiseanna le breitheanna.

Doiciméadú na n-iarratas

Is gá, sula dtabharfaimid breith an féidir géilleadh d'iarratas ar athbhreithniú nó nach féidir, an ceithre bhundoiciméad bainteach leis an iarraidh a fheiceáil, .i. :

- litir na hiarrata,
- an bhreith thosaigh,
- an t-iarratas ar athbhreithniú inmheánach agus

- an bhreith ar an athbhreithniú inmheánach.

I gcásanna a bhfuil an chosúlacht orthu go bhfuil feidhm ag alt 29 maidir leo, ní mór na nithe seo a leanas a sholáthar:

- an bhuniarraidh um SF
- na litreacha fógra chuig tríú páirtí ar bith
- na freagraí a tugadh ar na litreacha fógra
- litir bhreithe/ litreacha breithe a eisíodh chuig tríú páirtí ar bith
- litir bhreithe a eisíodh chuig an iarrthóir.

Ba chóir na doiciméid seo a sheoladh ar facs chuig an Oifig seo laistigh de lá nó dhó den iarraidh ón Oifig seo. Nuair nach gcuirtear na doiciméid ar fáil laistigh de sheacht lá den iarraidh eiseoimid meabhrúchán amháin trí ghlaoch teileafóin (nó ar facs). Nuair nach mbeidh na doiciméid curtha ar fáil laistigh de sheacht lá den mheabhrúchán, eiseoidh an Coimisinéir fógra chuig ceann an chomhlachta phoiblí faoi alt 37 den Acht um SF, chuig ceann an chomhlachta phoiblí, á iarraidh go gcuirfí na doiciméid ar fáil.

Soláthar na dtaifead

Beidh gá ag an Oifig seo, i bhformhór na gcásanna, na taifid ní na hiarrata um SF, a imscrúdú. I dtéarmaí praiticiúla, is gá na taifid iomchuí a chur ar fáil don Oifig seo, más buntaifid iad sin nó más cóipeanna iad (ag brath ar an gcás). Agus taifid á n-iarraidh, ceadóidh an Oifig seo tréimhse coicíse don fheidhmsholáthar. Nuair nach gcloítear leis an spriocam seo eiseoimid aon mheabhrúchán amháin, trí ghlaoch teileafóin nó ar facs, agus ceadóimid seacht lá eile. Nuair nach mbeidh na taifid curtha ar fáil sa tréimhse fhadaithe seo, eiseoidh an Coimisinéir fógra faoi alt 37 den Acht um SF, chuig ceann an chomhlachta phoiblí, á iarraidh go gcuirfí na taifid ar fáil. Tá an Coimisinéir dóchasach nach gá fógraí a eisiúint faoi alt 37 ach amháin i líon beag cásanna. Mar sin féin, nuair is gá fógraí a eisiúint faoi alt 37 foilsíonn an Coimisinéir sonraí a n-eisiúna ina Tuarascáil Bhliantúil.

Agus na taifid seo á gcur ar fáil, tá sé an-tábhachtach iad a bheith sceidealta i gceart agus gur léir céard iad na taifid nó páirteanna de thaifid atá siarchoinnithe agus cén chuid atá nochtaithe (m.sh. trí úsáid a bhaint as marcóir aibhsithe). Más rud é go bhfuil na taifid seo siarchoinnithe, ba chóir go sonródh an sceideal a sholáthraítear an fhoráil ar leith faoin Acht um SF ar seasadh uirthi do gach aon taifead a siarchoinníodh.

Ráitis maidir leis na cúiseanna le breitheanna

Éilíonn an tAcht um SF, nuair a dhiúltaítear géilleadh do thaifid, go dtugtar ráiteas soiléir maidir leis na cúiseanna a bhí le diúltú géilleadh. Forálann Alt 35 den Acht um SF, nuair a chinneann an Coimisinéir nach leor an ráiteas maidir leis na cúiseanna, "ordóidh" sí "don cheann lena mbaineann ráiteas, i scríbhinn…a thabhairt… ar ráiteas é ina mbeidh aon fhaisnéis bhreise i ndáil leis na nithe sin atá faoi chumhacht nó faoi rialú an chinn". Ní mór ráiteas dá leithéid a chur ar fáil tráth nach déanaí ná trí seachtaine tar éis a iarrtha.

Tarlaíonn iarmhairt dhúbailte nuair a thugtar go leor de bhreitheanna um SF le ráiteas nach leor é maidir leis na cúiseanna gur tugadh an bhreith. I dtús báire, bíonn sé deacair ar an iarrthóir fios a bheith aige/aici ar chóir dó/di athbhreithniú a lorg agus chomh maith leis sin bíonn sé deacair ar an Oifig seo an réasúnaíocht is bunsiocair le breith an chomhlachta phoiblí (atá arna athbhreithniú ag an gCoimisinéir), a thuiscint. Nuair is cosúil go bhfuiltear tar éis ráiteas, nach leor é, maidir leis na cúiseanna leis an mbreith, a thabhairt lorgóidh an Coimisinéir ráiteas níos iomláine ar na cúiseanna seo de bhua ceanglais faoi alt 35. Beidh an fhaisnéis bhreise seo le cur ar fáil don Choimisinéir agus don iarrthóir araon. Tá an Coimisinéir dóchasach nach gá fógraí a eisiúint faoi alt 35 ach amháin i líon beag cásanna, más gá iad sin féin. Mar sin féin, nuair is gá fógraí a eisiúint faoi alt 35 foilsíonn an Coimisinéir sonraí a n-eisiúna ina Tuarascáil Bhliantúil.

Aighneachtaí

Baineann an tsaincheist comhlacht poiblí a bheith ag cur aighneachta faoi bhráid an Choimisinéara i ndáil lena breith, leis an tsaincheist maidir leis na cúiseanna iomlána a thabhairt maidir lena breith. Tá sé de rún againn go mbeadh cuireadh á thabhairt do chomhlachtaí poiblí aighneacht den sórt a dhéanamh, dá mba mhian leo sin, go luath. Déanfar seo, de ghnáth, nuair a lorgófar na taifid, ní na hiarrata. Ceadófar tréimhse trí seachtaine, de ghnáth, chun aighneacht den sórt a dhéanamh. Nuair nach mbeidh aighneacht faighte sa tréimhse ama sin **aireoidh an Coimisinéir go mbeidh sí saor chun tabhairt faoi bhreith a thabhairt gan tarchur a thuilleadh chuig an gcomhlacht poiblí.** Is fiú a mheabhrú, sa chomhthéacs seo, nuair a dhiúltaítear géilleadh d'iarraidh ar thaifid (a rinneadh faoi alt 7 den Acht um SF) go bhfuil toimhde ann nach bhfuil an diúltú géilleadh ceart mura dtaispeánann an comhlacht poiblí "chun sástacht an Choimisinéara" go bhfuil sé ceart.

Réamhbhreithnithe

Saincheist ghaolmhar bhreise eile is ea an freagra a bhíonn ag comhlachtaí poiblí ar réamhbhreithnithe, mar a chuirtear chun cinn ón Oifig seo iad, ar chás ar leith. Tarlaíonn sé seo go ginearálta nuair is é réamhbhreithniú fhoireann an Choimisinéara nár chóir breith an chomhlachta phoiblí a dhaingniú agus go dtugtar deis imchainte don chomhlacht. Ní bheidh gá le litreacha ina mbeidh cur síos ar réamhbhreithnithe ach amháin i mbeagán cásanna. Leis an am teoranta atá ag an gCoimisinéir chun breith a thabhairt ar athbhreithnithe, tá sé ríthábhachtach go bhfreagródh comhlachtaí poiblí, nuair is mian leo freagra a thabhairt ar réamhbhreithnithe den sórt, laistigh de na teorainneacha ama sonraithe agus is coicís, de ghnáth, a bheidh ansin. Nuair a theipeann ar chomhlacht poiblí freagairt laistigh den spriocam sonraithe, aireoidh an Coimisinéir go mbeidh sí saor tabhairt faoi bhreith a thabhairt gan tarchur a thuilleadh chuig an gcomhlacht poiblí.

Aithníonn an Coimisinéir go mb'fhéidir go gcruthódh na socruithe atá tugtha síos thuas roinnt deacrachtaí do roinnt de na comhlachtaí poiblí. Mar sin féin, is léir go raibh sé i gceist ag an Oireachtas go dtabharfadh an Coimisinéir a breith faoi na hiarratais ar athbhreithniú go tapa – taobh istigh de cheithre mhí – agus tá na bearta seo riachtanach

chun sprioc an Oireachtais a bhaint amach. Glacann an Coimisinéir leis, go mb'fhéidir nach mbeadh comhlachtaí poiblí, i roinnt bheag cásanna, agus mar gheall ar chúiseanna sonracha, ábalta freagra a thabhairt laistigh den teorainn ama atá tugtha síos thuas. Beidh ar chumas an Choimisinéara, an teorainn ama maidir le freagairt a fhadú, le réasún, i gcás an roinnt bheag seo de chásanna.

Is é mian an Choimisinéara go rachfaí ar aghaidh, le comhoibriú agus le comhthuiscint, le seoladh na n-athbhreithnithe, ar mhaithe lena chinntiú go mbainfeadh siad siúd go léir dá mbaineann, amach cuspóirí an Achta um SF. Tá sí dóchasach nach gá fógraí faoi alt 37 a eisiúint ach amháin i líon beag cásanna, más gá iad sin féin. Mar sin féin, nuair is gá fógraí a eisiúint faoi alt 37 foilsíonn an Coimisinéir sonraí a n-eisiúna ina Tuarascáil Bhliantúil.

Conclúid an athbhreithnithe

Tar éis an athbhreithnithe is féidir leis an gCoimisinéir breith an chomhlachta phoiblí a dhaingniú nó a athrú, nó an bhreith a neamhniú agus, b'fhéidir, breith eile a thabhairt.

Ní bhíonn éifeacht le breith an Choimisinéara, a dhéantar de bharr iarratais ar athbhreithniú, go dtí go dtéann na teorainneacha ama a bhíonn i bhfeidhm do dhéanamh achomhairc chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí viz. ocht seachtaine, in éag. Más rud é go ndéantar achomharc den sórt, ní bhíonn feidhm le breith an Choimisinéara mura agus go dtí go ngéilltear don achomharc i bhfabhar an Choimisinéara nó go dtarraingítear siar é. Maidir leis seo mar sin féin forálann na hAchtanna go bhféadfaí achomharc ar bhreith na hArd-Chúirte a dhéanamh go dtí an Chúirt Uachtarach.

Leis an gcostas agus na hacmhainní a bhaineann le bheith páirteach i gcásanna Ard-Chúirte agus Cúirte Uachtaraí, is é polasaí na hOifige aisghabháil na gcostas a lorg i ngach cás inar thug na Cúirteanna a mbreitheanna i bhfabhar an Choimisinéara.

Alt 29(5)

Más rud é go dtagann cásanna chun cinn faoi alt 29(5) den Acht agus nach bhfuil ar chumas an chinn géilleadh do cheanglais chomhairliúcháin fho-ailt (2), tá toiliú an Choimisinéara riachtanach sular féidir leis an gceann tabhairt faoi bhreith. Ba chóir d'oifigeach idirchaidrimh an chomhlachta scríobh chuig an gCoimisinéir ag lorg a toiliú maidir leis an gceanglas comhairliúcháin a chur de leataobh. Ba chóir, d'fhonn breith an Choimisinéara a éascú, mionsonraí na n-iarrachtaí go léir a rinneadh chun teagmháil a dhéanamh leis an duine aonair, ar gá, seachas sin, dul i gcomhairle leis, a thabhairt.

Nuair is féidir sin a dhéanamh, tabharfaidh an Coimisinéir breith (i ndáil le cásanna ar tagraíodh dóibh san alt roimhe seo) taobh istigh de choicís agus cuirfidh sí an t-oifigeach idirchaidrimh ar an eolas má tá toiliú á dheonú. Nuair nach ndeonaíonn an Coimisinéir toiliú, cuirfear comhairle ar an oifigeach idirchaidrimh maidir leis na bearta a bheidh le glacadh chun géilleadh d'alt 29(5) agus ba chóir a chinntiú go

nglactar na bearta sin taobh istigh den tréimhse a bheidh sonraithe ag an gCoimisinéir ina freagra. Má gá a thuilleadh eolais a chur ar fáil maidir leis na cásanna seo, déanfaidh Oifig an Choimisinéara teagmháil, ar an gcéad dul síos, leis an oifigeach idirchaidrimh.

Cáipéisí a sholáthar, fínnéithe agus araile

Féadfaidh an Coimisinéir, chun críocha athbhreithnithe nó imscrúdaithe, a éileamh go gcuirfí aon fhaisnéis nó aon taifead a bheadh iomchuí dá hathbhreithniú nó dá himscrúdú ar fáil di. Nuair is cuí sin d'fhéadfadh go n-iarrfadh an Coimisinéir ar aon duine atá, ina tuairim, i seilbh aon fhaisnéis dá sórt nó aon taifead dá shórt teacht os a comhair d'fhonn í/é a sholáthar di. Is gá go gcomhlíonfadh comhlachtaí ceanglais an Choimisinéara maidir leis seo. Féadfaidh an t-oifigeach idirchaidrimh freastal ar aon agallamh idir an Coimisinéir (nó a foireann) agus oifigeach iomchuí ón gcomhlacht poiblí, ach sin a bheith faoi réir chomhaontú an Choimisinéara, agus ar iarraidh an oifigigh lena mbainfeadh.

An tOifigeach Idirchaidrimh le bheith coinnithe ar an eolas ag Oifig an Choimisinéara

Ó tharla gur tríd an oifigeach idirchaidrimh go príomha a bheidh an chumarsáid idir Oifig an Choimisinéara agus an comhlacht poiblí, cuirfidh Oifig an Choimisinéara roimpi a chinntiú go mbeidh an t-oifigeach idirchaidrimh coinnithe ar an eolas go hiomlán, mar shampla, trí cheisteanna a sheoladh chuig an oifigeach idirchaidrimh, trí chóipeanna d'aon chomhfhreagras suntasach a sheoladh chuig an oifigeach idirchaidrimh agus trí theagmhálacha neamhfhoirmiúla. Beidh athrú sa teagmháil ó chomhlacht go comhlacht agus braithfidh sin ar an gcás féin agus ar struchtúr an chomhlachta phoiblí.

Cuirfear an t-oifigeach idirchaidrimh ar an eolas nuair a bheidh athbhreithniú críochnaithe agus tabharfar fógra dó maidir leis an mbreith. Beifear ag súil go gcuirfidh an t-oifigeach idirchaidrimh an bhreith in iúl laistigh den chomhlacht ag brath ar an gcineál breithe a rinneadh agus beifear ag súil go ndéanfaí aon ghníomh is gá chun í a chur i bhfeidhm. Cuirfear an t-oifigeach idirchaidrimh ar an eolas freisin má tharraingítear siar iarratas ar athbhreithniú.

Aguisín 6

GLUAIS TÉARMAÍ

Iarratasóir – duine a rinne iarratas chuig an gCoimisinéir Faisnéise chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith chomhlachta phoiblí. Ciallaíonn an téarma duine a sheol iarraidh chuig comhlacht poiblí faoi réir na nAchtanna um SF agus freisin duine a rinne agóid maidir le géilleadh d'iarraidh a rinne páirtí éigin eile chun rochtain a fháil ar fhaisnéis cibé an faisnéis faoin iarratasóir í nó an faisnéis í a thug an t-iarratasóir don chomhlacht poiblí.

Athbhreithniú inmheánach – athbhreithniú ar bhreith thosaigh maidir le hiarraidh a sheol ball foirne chomhlachta phoiblí ar airde a ghrád/a grád ná grád an duine sin a rinne an bhreith thosaigh. Bíonn sé seo i gcodarsnacht le hathbhreithnithe an Choimisinéara Faisnéise athbhreithnithe atá seachtrach don chomhlacht poiblí.

Duine a bhfuil feidhm ag alt 29(2) maidir leis – más rud é go lorgaítear iarraidh ar thaifid ina bhfuil faisnéis a fuarthas faoi rún, an duine a thug an fhaisnéis don chomhlacht poiblí, agus, má chinneann an ceann é a bheith cuí, an duine lena mbaineann an fhaisnéis. Más rud é go lorgaítear iarraidh ar thaifid ina bhfuil faisnéis phearsanta nó faisnéis íogair ó thaobh na tráchtála de, an duine lena mbaineann an fhaisnéis.

Iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 29(2) maidir léi – iarraidh rochtain a lorg ar thaifid ina bhfuil faisnéis a fuarthas faoi rún, faisnéis íogair ó thaobh na tráchtála de nó faisnéis phearsanta nuair a chinneann an comhlacht poiblí (faoi réir thuairimí an pháirtí a thug an fhaisnéis don chomhlacht poiblí agus/nó páirtí lena mbaineann an fhaisnéis, a fháil agus faoina réir sin amháin), gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail, tríd is tríd, géilleadh don iarraidh seachas diúltú géilleadh don iarraidh.

Iarrthóir – duine a dhéanann iarraidh chuig comhlacht poiblí faoi na hAchtanna um SF. Is féidir go mbeadh iarrthóir chuig comhlacht poiblí ina iarratasóir chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise.

Iarratas faoi Alt 17 – Forálann Alt 17 de na hAchtanna um SF don cheart leasú a dhéanamh ar fhaisnéis phoiblí a bhaineann le duine aonair atá i dtaifead atá i seilbh chomhlachta phoiblí sa chás go bhfuil an fhaisnéis neamhiomlán, mícheart agus míthreorach.

Iarratas faoi Alt 18 – Forálann Alt 18 de na hAchtanna um SF go bhfuil duine a ndéanann gníomh de chuid chomhlachta phoiblí difear dó nó di agus a bhfuil leas ábhartha aige nó aici i ní dá ndéanann an gníomh sin difear nó lena mbaineann sé, i dteideal ráiteas maidir leis na cúiseanna leis an ngníomh agus aon fhionnachtana maidir le haon saincheisteanna ábhartha fíorais a bheidh déanta chun críocha an ghnímh.

Alt 29 – Forálann Alt 29 do nós imeachta maidir le fógra foirmiúil cibé uair a bhfuil faoi chomhlacht poiblí faisnéis a fuarthas faoi rún, faisnéis íogair ó thaobh na tráchtála de nó faisnéis phearsanta a nochtadh ar mhaithe le leas an phobail. Éilíonn sé ar an gcomhlacht poiblí fógra a thabhairt don duine a thug an fhaisnéis don chomhlacht poiblí, agus, más cuí leis an gcomhlacht poiblí sin, don duine lena mbaineann an fhaisnéis, maidir leis an iarraidh agus á rá go ngéillfear don iarraidh ar mhaithe le leas an phobail. Féadfaidh aon duine a gheobhaidh fógra amhlaidh aighneachtaí a dhéanamh ansin chuig an gcomhlacht poiblí agus is gá iad seo a bhreithniú sula gcinnfear cibé an ngéillfear don rochtain nó an ndiúltófar don rochtain.

Aonad Tacaíochta – an t-aonad a thugann tacaíocht riaracháin do na hImscrúdaitheoirí agus do na hImscrúdaitheoirí Sinsearacha in Oifig an Choimisinéara Faisnéise. Is Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin atá ina cheann ar an Aonad seo.